123 790 999	122 687 647	117 225 825	120 499 256	128 790 999	125 187 647	123 790 999	122 687 647	123 790 999	122 687 647

Airteagal 06 04 01 — Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) – Íocaíocht cúpóin thréimhsiúil agus fuascailt tráth na haibíochta

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
5 156 000 000	4 700 000 000	5 156 000 000	4 961 000 000	4 961 000 000

Barúlacha:

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na costais a bhaineann le cistí a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil agus thar ceann an Aontais i gcreat Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 06 05 01 — An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
203 321 354	95 000 000	203 321 354	95 000 000	245 321 354	116 000 000	203 321 354	95 000 000	211 321 354	97 500 000

Airteagal 06 06 01 — Clár EU4Health

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
555 939 966	553 000 000	555 939 966	553 000 000	605 939 966	578 000 000	555 939 966	553 000 000	555 939 966	553 000 000

Airteagal 06 10 01 — An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
78 657 337	78 657 337	78 657 337	78 657 337	78 657 337	78 657 337	79 635 384	79 635 384	79 635 384	79 635 384

Barúlacha:

Foráiltear le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 gurb é seo a leanas misean an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú:

- Chun feabhas a chur ar acmhainneacht an Aontais agus na mBallstát chun sláinte an duine a chosaint trí ghalair theagmhálacha i ndaoine agus fadhbanna sláinte speisialta lena mbaineann a chosc agus a rialú, is é an misean atá ag an Lárionad bagairtí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn ar shláinte an duine ó ghalair theagmhálacha agus fadhbanna sláinte speisialta lena mbaineann a shainaithint, measúnú a dhéanamh orthu, tuairisciú orthu agus, i gcás inarb iomchuí, a áirithiú go ndéanfar faisnéis faoi na bagairtí sin a chur i láthair ar bhealach sorochtana. Gníomhaíonn an Lárionad i gcomhoibriú le comhlachtaí inniúla na mBallstát nó ar a thionscnamh féin, trí líonra tiomnaithe. Is é an misean atá ag an Lárionad freisin moltaí eolaíocht bhunaithe a sholáthar agus tacaíocht a thabhairt i dtaca leis an bhfreagairt a chomhordú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, chomh maith leis an leibhéal trasteorann idir-réigiúnach agus réigiúnach, i leith bagairtí den sórt sin, i gcás inarb iomchuí. Agus moltaí den sórt sin á dtabhairt ag an Lárionad, oibreoidh sé, i gcás inar gá, i gcomhar leis na Ballstáit agus cuirfidh sé na pleananna bainistíochta géarchéime náisiúnta atá ann cheana agus imthosca faoi seach gach Ballstáit san áireamh.
- I gcás ráigeanna eile galar de bhunús anaithnid a d'fhéadfadh scaipeadh laistigh den Aontas nó chuig an Aontas, feidhmíonn an Lárionad ar a thionscnamh féin go dtí go mbeidh foinse na ráige ar eolas. I gcás ráig ar léir nach ráig galair theagmhálaigh í, ní fheidhmíonn an Lárionad ach i gcomhar leis na comhlachtaí inniúla comhordúcháin agus arna iarraidh sin dóibh, agus déanfaidh sé measúnú riosca a sholáthar.
- Agus a mhisean á chomhlíonadh aige, urramaítear an Lárionad freagrachtaí na mBallstát, an Choimisiúin agus comhlachtaí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, agus freagrachtaí tríú tíortha agus na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta atá gníomhach i réimse na sláinte poiblí, go háirithe EDS, chun a áirithiú gur ann do chuimsitheacht, comhleanúnachas agus comhlántacht gníomhaíochta agus go ndéantar gníomhaíochtaí a chomhordú.
- Tacaíonn an Lárionad le hobair an Choiste Slándála Sláinte (CSS), a bunaíodh le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2371 an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte, lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (IO L 314, 6.12.2022, lch. 26), na Comhairle, na mBallstát agus, i gcás inarb ábhartha, struchtúr eile de chuid an Aontais, chun comhleanúnachas éifeachtach a chur chun cinn idir a ngníomhaíochtaí faoi seach agus chun freagairtí ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a chomhordú, laistigh dá shainordú.

Ranníocaíocht iomlán an Aontais	90 390 47
<i>méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais</i> (Airteagal ioncaim 6 6 2)	10 755 08
Méid arna iontráil sa bhuiséad	79 635 38

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim):

CSTE-LEE

2 194 540 6 6 0 0

Bunús dlí:

Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (IO L 142, 30.4.2004, lch. 1).

Rialachán (AE) 2022/2370 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear lárionad Eorpach um ghalair a chosc agus a rialú (IO L 314, 6.12.2022, lch. 1-25).

Gníomhartha tagartha:

Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – Doiciméad a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – Gníomhaíochtaí an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú ar ghalair theagmhálacha: na torthaí dearfach ó bunaíodh an Lárionad agus na gníomhaíochtaí pleanáilte agus na riachtanais maidir le hacmhainní (COM(2008)0741 / SEC(2008) 2792).

Airteagal 06 10 02 — An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia

	Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbheithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
06 10 02	156 269 245	144 418 432	156 269 245	144 418 432	156 269 245	144 418 432	157 911 523	146 060 710	157 911 523	146 060 710
Cúlchiste	405 000	81 000	405 000	81 000	405 000	81 000	405 000	81 000	405 000	81 000
Iomlán	156 674 245	144 499 432	156 674 245	144 499 432	156 674 245	144 499 432	158 316 523	146 141 710	158 316 523	146 141 710

Barúlacha:

Is é an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) an bhunchloch de chóras um measúnú riosca an Aontais don bhia agus sábháilteacht bia. Tá a chomhairle eolaíoch maidir le rioscaí reatha agus atá ag teacht chun cinn mar bhonn taca faoi bheartais agus chinntí bainisteoirí riosca in institiúidí an Aontais agus i mBallstáit agus é de chuspóir acu sláinte tomhaltóirí a chosaint. Is é an tiomantas is géire a thugann an tÚdarás comhairle oibiachtúil, thrédhearcach agus neamhspleách a thabhairt agus cumarsáid shoiléir a sholáthar bunaithe ar na modheolaíochtaí eolaíochta, an fhaisnéis agus na sonraí cothrom le dáta atá ar fáil. Tá an tÚdarás tiomanta do chroí-chaighdeán na sármhaitheasa eolaíochta, d'oscailteacht, thrédhearcacht, neamhspleáchas agus freagrúlacht.

Áirítear i bplean bunaíochta an Údaráis, mar Chathaoirleach reatha ar an Líonra Gníomhaireachtaí, post amháin chun post a chruthú do Cheannaire Oifig Tacaíochta Comhroinnte sa Bhruiséil. Tá sé mar aidhm leis seo gnóthachain éifeachtúlachta agus sineirgí a chur chun cinn thar ghníomhaireachtaí agus leis na hinstitiúidí, ionas gur féidir le gníomhaireachtaí aonair a n-acmhainní a dhíriú ar chroí-thascanna. Roinnfear an maoiniú don phost mar Cheannaire Oifig Tacaíochta Comhroinnte idir na gníomhaireachtaí, agus dá bhrí sin ní theastaíonn aon mhaoiniú breise don Údarás chuige seo.

Ranníocaíocht iomlán an Aontais	159 156 27
<i>méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais</i> (Airteagal ioncaim 6 6 2)	839 75
Méid arna iontráil sa bhuiséad	158 316 52

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim):

CSTE-LEE

4 308 542 6 600

Bunús dlí:

Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

Rialachán (AE) 2019/1381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le thrédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú an Aontais ar rioscaí sa bhiashlabhra lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 1829/2003, (CE) Uimh. 1831/2003, (CE) Uimh. 2065/2003, (CE) Uimh. 1935/2004, (CE) Uimh. 1331/2008, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) 2015/2283 agus Treoir 2001/18/CE (IO L 231, 6.9.2019, lch. 1).

Gníomhartha tagartha

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna thíolacadh ag an gCoimisiún an 5 Iúil 2023, maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 (COM(2023) 411 final).

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna thíolacadh ag an gCoimisiún an 7 Nollaig 2023, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú (COM(2023) 783 final).

Mír 06 10 03 01 — Rannchuidiú an Aontais leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
33 261 548	33 261 548	33 261 548	33 261 548	33 261 548	33 261 548	33 573 102	33 573 102	33 573 102	33 573 102

Barúlacha:

D'fhonn cosaint sláinte daoine agus ainmhithe agus tomhaltóirí táirgí íocshláinte a chur chun cinn ar fud an Aontais, agus d'fhonn comhlánú an mhargaidh inmheánaigh a chur chun cinn trí chinntí rialála aonfhoirmeacha a ghlacadh bunaithe ar na critéir eolaíochta a bhaineann le táirgí íocshláinte a chur ar an margadh agus a úsáid, is é an cuspóir atá ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) an chomhairle eolaíochta is fearr agus is féidir a sholáthar do na Ballstáit agus d'institiúidí an Aontais ar aon cheist maidir le meastóireacht ar cháilíocht, sábháilteacht, agus éifeachtúlacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta, i gcomhréir le forálacha reachtaíocht an Aontais a bhaineann le táirgí íocshláinte.

Le Rialachán (AE) 2022/123, treisíodh ról an EMA maidir le hullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis, rud a chuir ar a chumas do EMA dlúthfhaireachán a dhéanamh ar na ganntanais táirgí leighis agus iad a mhaolú, agus éascú a dhéanamh ar fhormheas níos tapa ar na cógais a d'fhéadfadh galar a chóireáil nó a chosc, ar galar é is cúis le géarchéim sláinte poiblí. Tar éis idirthréimhse tosaigh, déanfaidh EMA comhordú freisin ar fhreagairtí na mBallstát ar ghanntanais feistí leighis criticiúla i gcás géarchéime.

Ranníocaíocht iomlán an Aontais	33 594 04
<i>méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais</i> <i>(ioncam sannta 6 6 2)</i>	20 93
Méid arna iontráil sa bhuiséad	33 573 10

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim):

CSTE-LEE

927 997 6 6 0 0

Bunús dlí:

Rialachán (CE) Uimh. 297/95 ón gComhairle an 10 Feabhra 1995 maidir le táillí is inioctha leis an nGníomhaireacht Eorpach um Meastóireacht ar Tháirgí Íocshláinte (IO L 35, 15.2.1995, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1999 maidir le táirgí íocshláinte dílleachtacha (IO L 18, 22.1.2000, lch. 1).

Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáide tréidliachta agus lena mbunaítear

Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1) (in ionad Rialachán (CEE) Uimh. 2309/93 ón gComhairle).

Rialachán (CE) Uimh. 2049/2005 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2005 lena ndéantar, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, rialacha a leagan síos maidir le híoc táillí leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach ag micrifhiontair agus ag fiontair bheaga agus mheánmhéide agus maidir le cúnamh riaracháin a fhaigheann na fiontair sin ón nGníomhaireacht (IO L 329, 16.12.2005, lch. 4).

Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le táirgí íocshláinte le haghaidh úsáid phéidiatraiceach agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1768/92, Treoir 2001/20/CE, Treoir 2001/83/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 (IO L 378, 27.12.2006, lch. 1).

Rialachán (CE) Uimh. 1394/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le táirgí íocshláinte ardteiripe agus lena leasaítear Treoir 2001/83/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 (IO L 324, 10.12.2007, lch. 121).

Rialachán (CE) Uimh. 1234/2008 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2008 maidir le hathruithe ar théarmaí na n-údaruithe margaíochta do tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus táirgí íocshláinte tréidliachta a scrúdú (IO L 334, 12.12.2008, lch. 7).

Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 152, 16.6.2009, lch. 11).

Rialachán (CE) Uimh. 668/2009 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2009 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1394/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le meastóireacht agus deimhniú cáilíochta agus sonraí neamhchliniciúla a bhaineann le táirgí íocshláinte ardteiripe arna bhforbairt ag micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L 194, 25.7.2009, lch. 7).

Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le trialacha cliniúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/20/CE (IO L 158, 27.5.2014, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 658/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le táillí is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach chun gníomhaíochtaí faireachais cógas a dhéanamh i ndáil le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 189, 27.6.2014, lch. 112).

Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).

Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).

Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirge íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

Rialachán (AE) Uimh. 2022/123 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 maidir le ról atreithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis (IO L 20, 31.1.2022, lch. 1).

Gníomhartha tagartha

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna thíolacadh ag an gCoimisiún an 26 Aibreán 2023, lena leagtar síos nósanna imeachta Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear rialacha lena rialaítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1394/2007 agus Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004, Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 agus Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006 (COM(2023) 193 final).

Mír 07 01 01 01 — Caiteachas tacaíochta le haghaidh CSE+ — Bainistíocht roinnte

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
6 821 400	6 687 647	6 821 400	6 821 400	6 821 400

Mír 07 01 02 01 — Caiteachas tacaíochta le haghaidh Erasmus+

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
27 229 773	26 695 856	27 229 773	27 229 773	27 229 773

Mír 07 01 02 75 — An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr — Ranníocaíocht ó Erasmus+

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
33 672 401	33 672 401	33 672 401	34 322 952	34 322 952

Mír 07 01 03 01 — Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
5 641 573	5 530 954	5 641 573	5 641 573	5 641 573

Mír 07 01 03 75 — An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr — Ranníocaíocht ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpaigh

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
1 531 747	1 531 747	1 531 747	1 561 340	1 561 340

Mír 07 01 04 01 — Caiteachas tacaíochta le haghaidh Eoraip na Cruthaitheachta

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
6 287 469	6 164 185	6 287 469	6 287 469	6 287 469

Mír 07 01 04 75 — An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr — Ranníocaíocht ó Eoraip na Cruthaitheachta

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
18 937 534	18 937 534	18 937 534	19 303 407	19 303 407

Mír 07 01 05 75 — An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr — Ranníocaíocht ón gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
8 647 880	8 647 880	8 647 880	8 814 957	8 814 957

Airteagal 07 02 04 — CSE+ — an tsraith maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta (EaSI)

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
107 373 853	74 000 000	91 748 617	68 791 588	115 373 853	78 000 000	107 373 853	74 000 000	107 373 853	74 000 000

Mír 07 03 01 01 — Soghluaisteacht foghlama daoine aonair agus grúpaí, agus comhar, cuimsiú agus cothromas, barr feabhais, cruthaitheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse an oideachais agus na hoiliúna, a chur chun cinn — Bainistíocht indíreach

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
2 915 024 505	2 745 720 000	2 620 726 000	2 647 620 498	2 972 024 505	2 788 470 000	2 914 373 954	2 745 069 449	2 914 373 954	2 745 069 449

Barúlacha:

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar réimse oideachais agus oiliúna an chláir Erasmus+ faoi bhainistíocht indíreach. Tacóidh sé leis na trí príomhghníomhaíocht.

Príomhghníomhaíocht 1: Soghluaisteacht foghlama

I réimse an oideachais agus na hoiliúna, tá an clár Erasmus+ le tacú leis na príomhghníomhaíochtaí seo a leanas: (a) soghluaisteacht foghlama san ardoideachas idir mhic léinn agus bhaill foirne; (b) soghluaisteacht foghlama i ngairmoideachas agus i ngairmoiliúint idir fhoghlaimeoirí agus bhaill foirne; (c) soghluaisteacht foghlama ar scoil idir dhaltaí agus bhaill foirne; agus (d) soghluaisteacht foghlama na bhfoghlaimeoirí san oideachas aosach agus na mball foirne san oideachas aosach.

Féadfaidh an fhoghlaím fhíorúil agus bearta amhail tacaíocht teanga, cuairteanna ullmhúcháin, oiliúint agus comhar fíorúil a bheith ag gabháil leis an tsoghluaisteacht foghlama. Féadfar an fhoghlaím fhíorúil a chur in ionad na soghluaisteachta foghlama do na daoine sin nach bhfuil in ann páirt a ghlacadh sa tsoghluaisteacht foghlama.

Príomhghníomhaíocht 2: Comhar i measc eagraíochtaí agus institiúidí

I réimse an oideachais agus na hoiliúna, tá an clár Erasmus+ le tacú le comhpháirtíochtaí le haghaidh comhair agus malartuithe cleachtas, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí ar mhionscála chun rochtain níos leithne agus níos cuimsithí ar an gclár a chothú.

Príomhghníomhaíocht 3: Tacaíocht d'fhorbairt beartas agus do chomhar

I réimse an oideachais agus na hoiliúna, tá an clár Erasmus+ le tacú leis na gníomhaíochtaí seo a leanas: (a) ullmhú agus cur chun feidhme chláir oibre bheartais an Aontais, idir bheartas ginearálta agus bheartas earnála, i réimse an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear tacaíocht ó líonra Eurydice nó ó ghníomhaíochtaí eagraíochtaí ábhartha eile; (b) uirlisí agus bearta an Aontais lena gcothaítear cáilíocht, trédhearcacht agus aithint inniúlachtaí, scileanna agus cáilíochtaí; (c) idirphlé beartais agus comhar le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear líonraí uile-Aontais, eagraíochtaí Eorpacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta i réimse an oideachais agus na hoiliúna; (d) bearta lena rannchuidítear le cur chun feidhme ardcháilíochta agus cuimsitheach an chláir Erasmus+; (e) comhar le hionstraimí eile de chuid an Aontais agus tacaíocht do bheartais eile de chuid an Aontais; agus (f) gníomhaíochtaí scaipthe agus múscaillte feasachta faoi thorthaí agus tosaíochtaí na mbeartas Eorpach agus faoin gclár Erasmus+.

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

CSTE-LEE

81 329 184 6 6 0 0

Tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar

132 522 717 6 1 2 1

Airteagal 07 03 02 — Soghluaisteacht foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus rannpháirtíocht i measc daoine óga, agus comhar, cuimsiú, cruthaitheacht agus nuálaíocht ar leibhéal na n-eagraíochtaí agus na mbeartas i réimse na hóige, a chur chun cinn

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
408 898 370	380 000 000	408 898 370	380 000 000	413 898 370	383 750 000	408 898 370	380 000 000	408 898 370	380 000 000

Airteagal 07 03 03 — Soghluaisteacht foghlama na mball foirne spóirt, agus comhar, cáilíocht, cuimsiú, cruthaitheacht agus nuálaíocht ar leibhéal na n-eagraíochtaí spóirt agus na mbeartas spóirt, a chur chun cinn

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
75 676 325	74 000 000	75 676 325	74 000 000	83 676 325	80 000 000	75 676 325	74 000 000	75 676 325	74 000 000

Airteagal 07 04 01 — An Cór Dlíthpháirtíochta Eorpach

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
139 727 332	126 000 000	138 355 732	125 542 800	140 727 332	126 500 000	139 697 739	125 970 407	139 697 739	125 970 407

Airteagal 07 05 01 — Sraith an Chultúir

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
108 015 379	109 881 754	108 015 379	109 881 754	111 015 379	111 381 754	107 894 641	109 761 016	107 894 641	109 761 016

Airteagal 07 05 02 — Sraith MEDIA

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
189 671 977	175 565 759	189 671 977	175 565 759	192 671 977	177 065 759	189 459 771	175 353 553	189 459 771	175 353 553

Airteagal 07 05 03 — An tsraith thrasearnálach

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
29 294 944	31 681 992	29 294 944	31 681 992	31 294 944	32 681 992	29 262 015	31 649 063	29 262 015	31 649 063

Airteagal 07 06 01 — Comhionannas agus cearta

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
39 181 708	21 075 045	37 519 970	20 521 132	42 181 708	22 575 045	39 181 708	21 075 045	40 181 708	21 075 045

Airteagal 07 06 02 — Ról agus rannpháirtíocht na saoránach i saol daonlathach an Aontais

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
89 700 652	59 587 175	57 671 418	48 910 764	90 700 652	60 087 175	89 700 652	59 587 175	89 700 652	59 587 175

Airteagal 07 06 03 — Daphne

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
27 313 815	24 225 012	27 313 815	24 225 012	29 313 815	25 225 012	27 313 815	24 225 012	27 313 815	24 225 012

Airteagal 07 06 04 — Luachanna an Aontais

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
68 615 566	72 776 886	68 615 566	72 776 886	71 615 566	74 276 886	68 448 489	72 609 809	68 448 489	72 609 809

Airteagal 07 10 01 — An Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound)

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
24 522 000	24 522 000	24 522 000	24 522 000	24 522 000	24 522 000	24 902 111	24 902 111	24 902 111	24 902 111

Barúlacha:

Déanann an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound) eolas tábhachtach a chur ar fáil agus a scaipeadh faoi chúrsaí a bhaineann le hobair agus cúrsaí sóisialta chun rannchuidiú le beartais sna réimsí sin atá fóna agus fianaise-bhunaithe. Baineann a phríomhghníomhaíocht le taighde i réimsí na fostaíochta, na ndálaí oibre, an chaidrimh thionsclaíoch agus na cáilíochta saoil. Le gníomhaíochtaí Eurofound, rannchuidítear leis na tosaíochtaí seo a leanas: rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú agus an dífhostaíocht a chomhrac trí phoist a chruthú, feidhmiú an mhargaidh saothair a fheabhsú agus lánpháirtiú agus an comhionannas inscne a chur chun cinn, dálaí oibre a fheabhsú agus an obair a dhéanamh inbhuanaithe ar feadh an tsaoil, an caidreamh tionsclaíoch a fhorbairt chun réitigh chothromasacha agus tháirgiúla a áirithiú i gcomhthéacs na mbeartas atá ag athrú, agus caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn i bhfianaise éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus neamhionannais shóisialta a bheith ann amhail an bhearna fostaíochta idir na hinscní agus an bhearna phá idir na hinscní.

Tá cuid den leithreasú seo beartaithe do staidéir ar dhálaí oibre agus ar chaidreamh tionsclaíoch a dhéanamh chun tacú le beartais a áiritheoidh go mbeidh tuilleadh post agus poist níos fearr ann, rud a dhéanfaidh an obair níos inbhuanaithe agus a neartóidh an t-idirphlé sóisialta san Eoraip.

Tá cuid eile den leithreasú seo beartaithe do staidéir agus taighde réamhbhreathnaitheach a dhéanamh ar mhargaí saothair, go sonrach faireachán agus réamhaíocht a dhéanamh ar athrú struchtúrach, ar a thionchar ar fhostaíocht agus ar bhainistiú na n-iarmhairtí.

Leis an leithreasú seo, cumhdófar freisin taighde agus bailiú eolais ar dhálaí maireachtála agus ar cháilíocht saoil agus béim ar leith á leagan ar bheartais shóisialta agus ar ról na seirbhísí poiblí i bhfeabhas a chur ar cháilíocht saoil. Leis an leithreasú seo, cumhdaítear freisin taighde ar conas an saol gairmiúil a réiteach leis an saol príobháideach agus ar fhostaíocht fhorbhásach, lena n-áirítear miondealú de réir inscne.

Ar deireadh, úsáidfear an leithreasú seo chun anailís a dhéanamh ar thionchar an digitithe ar na réimsí uile a shonraítear thuas agus chun staidéir a dhéanamh a rannchuideoidh le beartais arb é an cóineasú aníos san Aontas is aidhm dóibh.

Ranníocaíocht iomlán an Aontais	24 902 111
<i>an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais</i> (airteagal ioncaim 6 6 2)	
An méid arna iontráil sa bhuiséad	24 902 111

Bunús dlí:

Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle (IO L 30, 31.1.2019, lch. 74).

Airteagal 07 10 02 — An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA)

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
16 635 269	16 635 269	16 635 269	16 635 269	16 635 269	16 635 269	16 825 840	16 825 840	16 825 840	16 825 840

Barúlacha:

Tá an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) meáite ar an Eoraip a dhéanamh níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos táirgiúla mar áit oibre. Déanann EU-OSHA rioscaí nua ag an obair agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus a mheasúnú, agus an tsábháilteacht agus an tsláinte ag an obair a phríomhshruthú i réimsí eile beartais amhail an t-oideachas, an tsláinte phoiblí agus taighde. Ardaíonn EU-OSHA feachtas ar a thábhachtaí atá sláinte agus sábháilteacht oibrithe do rialtais, d'eagraíochtaí fostóirí agus fostaithe, d'institiúidí, comhlachtaí agus líonraí an Aontais agus do chuideachtaí príobháideacha, agus scaipeann sé eolas ina leith.

Is é cuspóir EU-OSHA faisnéis theicniúil, eolaíoch agus eacnamaíoch agus saineolas cáilithe a sholáthar d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair. Tabharfar aird ar leith ar ghnéithe inscne i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair.

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar na bearta is gá chun cúraimí EU-OSHA mar a shainítear iad i Rialachán (AE) 2019/126 a bhaint amach, agus go háirithe:

- bearta a bhaineann le hardú feachtas agus réamh-mheas rioscaí, agus béim ar leith á cur ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide,
- an Fhaireachlann Eorpach um Rioscaí a oibriú bunaithe ar shamplaí den dea-chleachtas arna mbailiú ó ghnólachtaí nó ó réimsí sonracha gníomhaíochtaí,
- uirlisí ábhartha a ullmhú agus a sholáthar d'fhiontair níos lú chun cuidiú leo sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú ag an obair,
- an líonra ina bhfuil príomh-eilimintí na ngréasán náisiúnta faisnéise a oibriú, lena n-áirítear eagraíochtaí náisiúnta na bhfostóirí agus na bhfostaithe, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, mar aon leis na pointí fócasacha náisiúnta,
- malartuithe taithí, faisnéise agus dea-chleachtais a eagrú, lena n-áirítear i gcomhar leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile,
- tíortha is iarrthóirí a chomhtháthú sna gréasáin faisnéise sin agus uirlisí oibre a cheapadh a bheidh oiriúnach dá staid shonrach,
- an Feachtas Eorpach maidir le Láithreacha Oibre Sláintiúla a eagrú agus a reáchtáil mar aon leis an tSeachtain Eorpach maidir le Sláinte agus Sábháilteacht, lena ndírítear ar rioscaí agus riachtanais shonracha úsáideoirí agus tairbhíthe deiridh.

Ranníocaíocht iomlán an Aontais	17 316 57
<i>an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais</i> (airteagal ioncaim 6 6 2)	490 73
An méid arna iontráil sa bhuiséad	16 825 84

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

CSTE-LEE

464 124 6 6 0 0

Bunús dlí:

Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle (IO L 30, 31.1.2019, lch. 58).

Airteagal 07 10 03 — An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop)

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
19 771 361	19 771 361	19 771 361	19 771 361	19 771 361	19 771 361	20 082 416	20 082 416	20 082 416	20 082 416

Barúlacha:

Tacaíonn an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) le beartais an Aontais i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna mar aon le beartais scileanna agus cáilíochta a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chur chun feidhme trína bheith ag obair leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit agus leis na comhpháirtithe sóisialta. Chuige sin, feabhsaíonn agus scaipeann Cedefop eolas, soláthraíonn sé fianaise agus seirbhísí chun críoch an cheaptha beartas, lena n-áirítear conclúidí atá bunaithe ar thaighde, agus éascaíonn sé comhroinnt eolais i measc gníomhairí de chuid an Aontais agus gníomhairí náisiúnta agus eatarthu.

Ranníocaíocht iomlán an Aontais	20 486 600
<i>an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais</i> (airteagal ioncaim 6 6 2)	404 190
An méid ama iontráil sa bhuiséad	20 082 416

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

CSTE-LEE

551 621 6 6 0 0

Bunús dlí:

Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle (IO L 30, 31.1.2019, lch. 90).

Airteagal 07 10 04 — Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
25 465 883	25 465 883	25 465 883	25 465 883	26 465 883	26 465 883	25 865 963	25 865 963	25 865 963	25 865 963

Barúlacha:

Is é cuspóir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) cúnamh a thabhairt agus saineolas a sholáthar i réimse na gceart bunúsach d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais, agus d'údaráis na mBallstát le linn dóibh dlí an Aontais a chur chun feidhme. Agus an cúnamh sin á thabhairt agus an saineolas sin á sholáthar, tacaíonn FRA leo cearta bunúsacha a urramú go hiomlán le linn dóibh bearta a dhéanamh nó cur chuige a cheapadh laistigh dá réimsí inniúlachta féin.

Ranníocaíocht iomlán an Aontais	26 056 750
<i>an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais</i> (airteagal ioncaim 6 6 2)	190 790
An méid ama iontráil sa bhuiséad	25 865 963

Ioncam sannta (tionscnamh, méideanna measta agus airteagal comhfhreagrach nó mír chomhfhreagrach den ráiteas ioncaim).

Bunús dlí:

Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (IO L 53, 22.2.2007, lch. 1).

Rialachán (CE) 2022/555 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (IO L 108, 7.4.2022, lch. 1).

Airteagal 07 10 05 — An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
10 182 664	10 182 664	10 182 664	10 182 664	10 432 664	10 432 664	10 306 931	10 306 931	10 306 931	10 306 931

Barúlacha:

Rannchuidíonn an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) le cur chun cinn an chomhionannais inscne, agus déanann sí é a neartú, lena n-áirítear príomhshruthú inscne i ngach beartas an Aontais agus sna beartais náisiúnta is toradh orthu, agus leis an gcomhrac i gcoinne an idirdhealaithe ar bhonn gnéis agus inscne, agus le hardú feasachta shaoránaigh an Aontais ar an gcomhionannas inscne trí chúnamh teicniúil a thabhairt d'institiúidí an Aontais, go háirithe don Choimisiún, agus d'údarais na mBallstát.

Déanann EIGE, *inter alia*, na cúraimí seo a leanas:

- faisnéis oibiachtúil inchomparáide iontaofa a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh a mhéid a bhaineann le comhionannas inscne, lena n-áirítear torthaí taighde agus dea-chleachtais,
- modhanna a fhorbairt chun feabhas a chur ar oibiachtúlacht, inchomparáideacht agus iontaofacht sonraí ar an leibhéal Eorpach trí chritéir a leagan síos a chuirfidh feabhas ar chomhsheasmhacht na faisnéise agus a chuirfidh saincheisteanna inscne san áireamh agus sonraí á mbailiú,
- uirlisí modheolaíochta a fhorbairt, anailís agus meastóireacht a dhéanamh orthu, agus iad a scaipeadh chun tacú le comhtháthú an chomhionannais inscne i ngach beartas de chuid an Aontais agus sna beartais náisiúnta is toradh orthu agus chun tacú leis an bpríomhshruthú inscne i ngach institiúid agus comhlacht de chuid an Aontais,
- cruinnithe saineolaithe a eagrú chun tacú le taighde na hinstiúide, an malartú faisnéise idir taighdeoirí a spreagadh agus cuimsiú ghné na hinscne ina gcuid taighde a chur chun cinn,
- feasacht shaoránaigh an Aontais a mhúscailt faoin gcomhionannas inscne, faisnéis a scaipeadh maidir le dea-chleachtais agus acmhainní doiciméadachta a chur ar fáil don phobail,
- faisnéis a sholáthar d'institiúidí an Aontais maidir le comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne sna tíortha aontachais agus sna tíortha is iarrthóirí.

Ranníocaíocht iomlán an Aontais	10 485 10
<i>an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais</i> (airteagal ioncaim 6 6 2)	178 17
An méid arna iontráil sa bhuiséad	10 306 93

Bunús dlí:

Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le hInstitiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a bhunú (IO L 403, 30.12.2006, lch. 9).

Treoir (AE) 2024/1385 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (IO L, 2024/1385, 24.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1385/oj>).

Airteagal 07 10 06 — An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF)

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
23 542 345	23 542 345	23 542 345	23 542 345	23 542 345	23 542 345	23 937 635	23 937 635	23 937 635	23 937 635

Barúlacha:

I gcomhthéacs bheartais chaidrimh sheachtracha an Aontais, cuidíonn an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF) le tíortha i mbun aistrithe agus le tíortha i mbéal forbartha leas a bhaint as acmhainneacht a gcaipitil dhaonna trí athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras gairmoideachais agus ar an gcóras gairmoiliúna ó thaobh na foghlama ar feadh an tsaoil de.

Ranníocaíocht iomlán an Aontais	24 020 31
<i>an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais</i>	82 67
An méid arna iontráil sa bhuiséad	23 937 63

Bunús dlí:

Rialachán (CE) Uimh. 1339/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (IO L 354, 31.12.2008, lch. 82).

Airteagal 07 10 07 — Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
68 072 969	67 724 969	68 072 969	67 724 969	78 072 969	77 724 969	68 894 133	68 546 133	68 894 133	68 546 133

Barúlacha:

Is é cuspóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) tacú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir údaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh agus an comhordú agus an comhar sin a threisiú i ndáil le coireacht thromchúiseach a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó. Gníomhaíonn sé ar iarraidh ó údaráis na mBallstát, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do OIPE laistigh de theorainneacha inniúlacht OIPE, agus tacaíonn sé le Ballstáit trí iarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach a bhrostú, cineálacha cur chuige comhordaithe i leith gníomhaíochtaí oibríochtúla a eagrú, agus tacaíocht oibríochtúil agus airgeadais araon a thabhairt d'fhoirne comhpháirteacha imscrúdúcháin.

Ranníocaíocht iomlán an Aontais	69 335 03
<i>an méid de sin a thagann ó ghnóthú an bharrachais</i> <i>(airteagal ioncaim 6 6 2)</i>	440 90
An méid arna iontráil sa bhuiséad	68 894 13

Bunús dlí:

Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinnidh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an Cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138).

Rialachán (AE) 2022/838 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 a mhéid a bhaineann le fianaise a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil ag Eurojust, ar fianaise í a bhaineann le cinédhióthú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara (IO L 148, 31.5.2022, lch. 1).

Rialachán (AE) 2023/969 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear ardán comhoibrithe chun tacú le feidhmiú na bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 132, 17.5.2023, lch. 1).

Rialachán (AE) 2023/2131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta (IO L, 2023/2131, 11.10.2023, lch. 1).

Airteagal 07 10 08 — Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
77 368 186	77 368 186	77 368 186	77 368 186	108 368 186	108 368 186	81 979 259	81 979 259	83 979 259	83 979 259

Barúlacha:

Cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29) agus arna gcinneadh faoi Rialachán (AE) 2017/1939, tá Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) freagrach as déantóirí na gcionta coiriúla sin agus as a gcomhchoirithe a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais. Chuige sin, déanann OIPE imscrúduithe agus gníomhartha ionchúisimh agus feidhmíonn sé feidhmeanna ionchúisitheora i gcúirteanna inniúla na mBallstát, go dtí go ndiúscrófar an cás go críochnaitheach.

Iomlán	22 325 992	22 231 000	22 325 992	22 966 992	22 966 992

Airteagal O3 10 01 — Leithreasuithe sealadacha

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
110 112	p.m.	110 112	110 112	110 112

Barúlacha:

Is leithreasuithe sealadacha amháin atá sna leithreasuithe sa chaibidil seo agus ní féidir iad a úsáid ach amháin tar éis iad a aistriú chuig caibidlí eile i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais.

Is mar seo a leanas atá an miondealú:

1.	Mír	O3 01 01 01	Luach saothair agus liúntais	15 120
2.	Airteagal	O3 01 02	Pearsanra seachtrach	94 992
			Iomlán	110 112

Mír O4 01 01 01 — Luach saothair agus liúntais

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
37 289 000	37 289 000	37 289 000	38 164 000	38 164 000

Mír O4 01 01 02 — Costais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
154 000	154 000	154 000	157 000	157 000

Mír O4 01 02 01 — Pearsanra seachtrach — OIB

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
30 812 000	30 812 000	30 812 000	31 638 000	31 638 000

Mír O4 01 02 02 — Pearsanra Seachtrach — Saoráidí cúraim leanaí

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
13 003 000	13 003 000	13 003 000	13 440 000	13 440 000

Mír O5 01 01 01 — Luach saothair agus liúntais

	Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
O5 01 01 01	12 965 000	12 965 000	12 965 000	13 260 000	13 260 000
Cúlchiste	124 440		124 440	124 440	124 440
Iomlán	13 089 440	12 965 000	13 089 440	13 384 440	13 384 440

Mír O5 01 01 02 — Costais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
87 000	87 000	87 000	88 000	88 000

Mír O5 01 02 01 — Pearsanra seachtrach — OIL

	Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
O5 01 02 01	9 343 000	9 343 000	9 343 000	9 550 000	9 550 000
Cúlchiste	560 352		560 352	560 352	560 352
Iomlán	9 903 352	9 343 000	9 903 352	10 110 352	10 110 352

Mír O5 01 02 02 — Pearsanra Seachtrach — Saoráidí cúraim leanaí

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
3 506 000	3 506 000	3 506 000	3 546 000	3 546 000

Airteagal O5 10 01 — Leithreasuithe sealadacha

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
684 792	p.m.	684 792	684 792	684 792

Barúlacha:

Is leithreasuithe sealadacha amháin atá sna leithreasuithe arna n-iontráil san airteagal seo agus ní fhéadfar iad a úsáid ach amháin tar éis iad a aistriú chuig ceannteidil bhuiséid eile i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

Is mar seo a leanas atá an miondealú:

1.	Mír	O5 01 01 01	Luach saothair agus liúntais	124 440
2.	Mír	O5 01 02 01	Pearsanra seachtrach — OIL	560 352
Iomlán				684 792

Mír O6 01 01 01 — Luach saothair agus liúntais

	Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
O6 01 01 01	50 648 000	50 648 000	50 648 000	51 803 000	51 803 000
Cúlchiste	4 224		4 224	4 224	4 224
Iomlán	50 652 224	50 648 000	50 652 224	51 807 224	51 807 224

Mír O6 01 01 02 — Costais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
212 000	212 000	212 000	216 000	216 000

Airteagal O6 01 02 — Pearsanra seachtrach

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
3 046 000	3 046 000	3 046 000	3 062 000	3 062 000

Airteagal O6 10 01 — Leithreasuithe sealadacha

Dréachtbhuiséad 2025	Seasamh na Comhairle 2025	Seasamh PE 2025	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025	Idir-réiteach 2025
4 224	p.m.	4 224	4 224	4 224

Barúlacha:

Is leithreasuithe sealadacha amháin atá sna leithreasuithe arna n-iontráil sa chaibidil seo agus ní fhéadfar iad a úsáid ach amháin tar éis iad a aistriú chuig caibidlí eile i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos chun na críche sin sa Rialachán Airgeadais.

Is mar seo a leanas atá an miondealú:

1.	Mír	O6 01 01 01	Luach saothair agus liúntais	4 224
			Iomlán	4 224

Mír PP 01 24 01 — Treoirhionscadail – Tionscnamh Tacaíochta um Thaidhleoireacht maidir le Sliseanna

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	682 500	p.m.	682 500	990 000	1 127 500	p.m.	682 500	990 000	930 000

Barúlacha:

Is cnámh droma an gheilleagair nua-aimseartha iad na leathsheoltóirí, bunchloch na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus tá siad i lár na hiomaíochta geopholaitiúla. Ní féidir leis an Eoraip a bheith go hiomlán féintuilleamaíoch ach tá sí ag brath ar thíortha comhpháirtíochta atá ar aon intinn léi chun a slabhraí soláthair leathsheoltóirí a éagsúlú agus a dhaingniú, agus ag an am céanna a tionchar taidhleoireachta a ghíaráil agus é mar aidhm aici géarchéim a mhaolú nó a chosc agus uathriail straitéiseach a bhaint amach. Chuir na Stáit Aontaithe tús le comhghuaillíocht Chips4 cheana féin gan baint leis an Aontas. Más mian leis an Eoraip a bheith ina gníomhaí ábhartha i slabhra luacha na sliseanna, ní mór di freisin infheistíocht a dhéanamh in iomaíochas a taidhleoireachta maidir le sliseanna agus bunchloch dá beartas eachtrach a dhéanamh di.

Leis an treoirhionscadal sin, bhunófaí idirphlé dhéthaobhacha raon 2 idir geallsealbhóirí Eorpacha agus comhpháirtithe straitéiseacha chun feabhas a chur ar chomhordú agus ar fhorbairt muiníne maidir le saincheistanna straitéiseacha, taidhleoireachta, trádála agus slándála i gcomhthéacs na leathsheoltóirí agus na dteicneolaíochtaí leathsheoltóirí, lena n-áirítear ábhair amhail bearta cosanta, rialuithe onnmhairiúcháin, cosaint maoine intleachtúla, slándáil an tslabhra soláthair, caighdeáin, deimhniú agus nuálaíocht ghlas. Tacóidh sé le tuiscint níos fearr a fháil ar shlabhra luacha na leathsheoltóirí agus ar a éabhlóid chomh maith le héiceachóras Eorpach níos láidre a bhaint amach trí chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta. Is iad cuspóirí sonracha an treoirhionscadail seo rannchuidiú leis na nithe seo a leanas:

- taidhleoireacht raon 2 chun comhthoil agus comhordú a mhéadú idir geallsealbhóirí ábhartha Eorpacha neamhstáit uile an éiceachórais leathsheoltóirí agus geallsealbhóirí ábhartha na dtíortha comhpháirtíochta, trí shruth oibre idirphlé;
- tuiscint agus anailís níos fearr ar na tosca a dhéanann difear do shlabhra luacha na leathsheoltóirí agus dá éabhlóid, trí shruth oibre taighde;
- bonn eacnamaíoch, iomaíochas, fás, caighdeáin agus rannchuidiú an Aontais leis an slabhra luacha domhanda leathsheoltóirí agus lena athléimneacht i dtíortha comhpháirtíochta a chur chun cinn, trí shruth oibre abhcóideachta;

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart trí shruth oibre a bhunú agus an liosta táscach gníomhaíochtaí seo a leanas ag gabháil leo:

- Idirphlé: Mar phríomhghníomhaíocht an tionscadail sin, cruinnithe comhairliúcháin raon 2 a eagrú le príomh-chomhpháirtithe domhanda sa chomhthéacs maidir le hábhair leathsheoltóra a bhaineann le leasanna comhroinnte nó cóineasaithe. Murab ionann agus taidhleoireacht oifigiúil raon 1 ar féidir tabhairt fúithi cheana, tá taidhleoireacht raon 2 neamhoifigiúil, tá baint ag an tionscal léi agus déanann eagraíocht de chuid na sochaí sibhialta í a éascú. Cuireann an méid sin bealaí cumarsáide níos tapúla agus níos neamhfhoirmiúla le comhpháirtithe straitéiseacha ar fáil.
- Taighde: Seisiúin Faisnéise agus taighde chun tacú leis na comhairliúcháin agus le cineálacha eile rannpháirtíochta agus chun bonn eolais a chur fúthu, agus tionscnaimh chomhpháirteacha taighde le geallsealbhóirí ó thíortha comhpháirtíochta chun bonn eolais a chur faoi iarrachtaí mapála agus faireacháin an tslabhra luacha.

- Abhcóideacht: Bealaí tiomnaithe for-rochtana agus taidhleoireachta poiblí chun beartais, leasanna agus éachtaí Shliseanna an Aontais a scaipeadh agus a chur chun cinn san Eoraip agus thar lear, e.g. ag comhdhálacha nó trí na meáin shóisialta, trí na meáin thraidisiúnta, trí fhoilseacháin scríofa agus trí chainéil eile.

Is iad seo a leanas na tosaíochtaí agus na torthaí atá beartaithe:

- taidhleoireacht raon 2, comhordú, rannpháirtíocht agus abhcóideacht Eorpach a fheabhsú trí idirphlé agus comhairliúcháin rialta le príomh-chomhpháirtithe domhanda maidir le hábhair leathsheoltóra a bhaineann le leasanna comhroinnte nó cóineasaithe;
- comhdhearcadh a mhéadú le tíortha comhpháirtíochta maidir le conas slándáil an tslabhra soláthair agus clár deimhniúcháin teilgchearta iontaofa a fheabhsú;
- rannpháirtíocht il-gheallsealbhóra agus cothú muiníne a neartú idir geallsealbhóirí neamhstáit Eorpacha san éiceachóras leathsheoltóirí, agus le tíortha comhpháirtíochta;
- comhar le comhpháirtithe straitéiseacha a spreagadh maidir le T&F agus forbairt an luchta saothair;
- scaipeadh dhea-chleachtais an Aontais a fheabhsú maidir le slándáil an tslabhra soláthair, T&F nó ábhair eile a bhaineann le leasanna cóineasaithe;
- tacú le hidirphlé agus cinntí oifigiúla rialtais raon 1 agus iad a chur ar an eolas le léargais ón tionscal ábhartha agus ó ghníomhaithe ábhartha na sochaí sibhialta san éiceachóras leathsheoltóirí;
- an cóineasú idir caighdeáin, beartais agus dea-chleachtais an Aontais agus dea-chleachtais na dtíortha comhpháirtíochta a neartú;
- bealaí a chur ar fáil do gheallsealbhóirí na hEorpa chun comharthaíocht a thabhairt i dtaobh toscaireachtaí eile;
- tacú le gníomhaíochtaí an Choimisiúin faoi Rialachán (AE) 2023/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 (an Gníomh um Shliseanna) (IO L 229, 18.9.2023, lch. 1), go háirithe maidir le comhar idirnáisiúnta agus slabhraí soláthair agus luacha a mhapáil agus faireachán a dhéanamh orthu;
- tacú le gníomhaíochtaí beartaithe Straitéis Slándála Eacnamaíche an Aontais de réir mar a bhaineann siad le leathsheoltóirí agus le teicneolaíochtaí leathsheoltóra.

Go háirithe, ba cheart dó rannchuidiú le bonn eolais a chur faoi chreataí rialaithe infheistíochta agus onnmhairiúcháin an Aontais agus iad a neartú, mar aon lena chomhordú le comhpháirtithe straitéiseacha, go háirithe i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca agus tograí eile a eascraíonn as Pacáiste Slándála Eacnamaíche na hEorpa.

Mír PP 01 24 02 — Treoirhionscadail – Modheolaíocht maidir le lorg comhshaoil a bhaineann go sonrach le hearnáil an spáis a fhorbairt

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	500 000	p.m.	500 000	3 000 000	3 337 500	p.m.	500 000	3 000 000	1 250 000

Mír PP 01 24 03 — Treoirthionscadal – Tionscadail Áitiúla agus Réigiúnacha Bauhaus Eorpach Nua a Spreagadh

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	725 000	p.m.	725 000	1 500 000	1 837 500	p.m.	725 000	1 500 000	1 100 000

Airteagal PP 01 25 — 2025

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				2 750 000	1 350 000			2 750 000	687 500

Barúlacha:

Bunús dlí:

Gníomhartha tagartha:

Mír PP 01 25 01 — Treoirthionscadal — Meastóireacht ar fhaireachán ar thriomach agus ar athchóiriú nádúrtha ithreacha agus screamhuisce

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				1 000 000	500 000			1 000 000	250 000

Barúlacha:

Is é is aidhm don treoirthionscadal seo:

- Staidéar a dhéanamh ar nósanna imeachta agus iad a bhunú chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar iarmhairtí triomaigh ar tháirgiúlacht na hithreach, ar bhearta le haghaidh athchóiriú nádúrtha, agus ar mhaolú na n-éifeachtaí sin.
- Leis an tionscadal, déanfar comparáid idir an taithí atá ann cheana, cuirfear modhanna éagsúla i bhfeidhm go turgnamhach i dtrí chás-staidéar éagsúla (ar a laghad) agus forbrófar treoirleabhar dea-chleachtais a chuirfear ar fáil do na Ballstáit.

Bunús dlí:

Treoirthionscadal de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Mír PP 01 25 02 — Treoirthionscadal — Mol HAB: Córas Faireacháin neas-fhíorama um Blás Algach Díobhálach in Uisce na hEorpa

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				1 750 000	850 000			1 750 000	437 500

Barúlacha:

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo córas a fhorbairt, a chomhtháthaíonn tacair sonraí agus seirbhísí Eorpacha atá ann cheana agus a cheadaíonn tuar agus monatóireacht neas-fhíorama ar bhlás algach díobhálach (HABanna) i dtimpeallachtaí uisceacha.

Le modúl bainistíochta sonraí agus líonra ríomhaireachta dáilte, is féidir sonraí a phróiseáil go héifeachtúil, rud lena n-áirítear comhtháthú uathoibríoch sonraí ábhartha ó bhunachair sonraí atá ann cheana (e.g. LEE, EMODnet) agus ó sheirbhísí (e.g. CMEMS, C3S). Ina theannta sin, ceadóidh an córas tomhais in situ a chomhshamhlú.

Le hanailís sonraí, modúl tuartha agus algartaim bhraite aimhrialtachta mar aon le réitigh mheaisínfhoghlama, is féidir HABanna a bhrath i neas-fhíoram agus tuar tapa a dhéanamh ar a n-éabhlóid spásúlachta agus ama.

D'fhéadfadh iarrachtaí breise T&F díriú ar réitigh nuálacha bailithe sonraí agus faireacháin HAB. A bhuí le huirlisí IS-bhunaithe, is féidir réigiúin a bhfuil ard-neamhchinnteacht tuartha ag baint leo a shainaithint, agus ba cheart tosaíocht a thabhairt do na réigiúin sin ó thaobh faireachán a dhéanamh orthu. Tacaíonn ionchorprú feithiclí agus braiteoirí gan foireann laistigh den chóras leis an bpróiseas tuartha agus leis an mbailíochtú trí íomhánna ardaifigh agus tomhais in situ ardmhinicíochta a sholáthar, faoi seach.

Táthar ag súil go mbeidh Leibhéal 4 na hUllmhachta Teicneolaí (LUT 4) ag an gcóras agus déanfar measúnú air trí chumais thuarthacha agus anailíseacha an chórais a léiriú i mód cúlghabhálach. Ina dhiaidh sin, déanfar feidhmíocht an chórais a thástáil le linn tréimhse 6 mhí i dtimpeallacht ábhartha i réigiúin a roghnófar laistigh de na Ballstáit, agus é mar aidhm ann LUT 6 a bhaint amach.

Bunús dlí:

Treoirhionscadal de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Airteagal PP 02 25 — 2025

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				5 150 000	2 575 000			5 150 000	1 287 500

Barúlacha:

Bunús dlí:

Gníomhartha tagartha:

Mír PP 02 25 01 — Treoirhionscadal — Luas an iompair inbhuanaithe a ghéarú le hipearlúb

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				3 000 000	1 500 000			3 000 000	750 000

Barúlacha:

Faoi láthair is é Hipearlúb an t-aon mhodh iompair féideartha atá á fhorbairt lena bhféadfaí paisinéirí agus earraí a iompar agus a mbeadh úsáid íseal fuinnimh ag baint leis agus gan aon truailliú as (i.e. astaíochtaí gás ceaptha teasa agus torann). Chun go gcoimeádfadh an gréasán iompair tras-Eorpach suas le forbairtí agus imscaradh teicneolaíochta nuálacha, ba cheart teicneolaíochtaí inbhuanaithe atá ag teacht chun cinn a spreagadh a fheabhsaíonn agus a éascaíonn iompar agus soghluaisteacht paisinéirí agus lasta. Ag láithreáin tástála éagsúla léiríodh an indéantacht theicniúil den chuid is mó. Is é an chéad chéim eile a léiriú go bhfuil an teicneolaíocht

oiriúnach chun ardchaighdeán sábháilteachta agus compoird a ráthú do phaisinéirí, rud atá ríthábhachtach chun glacadh an phobail a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais iompair amach anseo.

Tá infheistíochtaí suntasacha déanta ag an Aontas cheana féin in T&F ar hipearlúb ach anois táimid ag dul isteach sa chéad chéim eile de chaighdeán sábháilteachta a fhorbairt nach bhfuil aon sainordú sonrach ann ina leith go fóill ná nach bhfuil aon taithí againn orthu. D'fhéadfadh sé sin a bheith ar an gconstaic dheiridh sula bhféadfaí imscaradh iarbhír a dhéanamh. Dá bhrí sin, is é cuspóir sonrach an treoirhionscadail seo a léiriú gur féidir paisinéirí a iompar agus a aslonnú go sábháilte i gcás teagmhas trí thuilleadh taighde agus tástála, rud a d'fhéadfadh cur le forbairt chaighdeán sábháilteachta an Aontais. Ar an gcaoi sin, is féidir ceachtanna a fhoghlaim, rud a d'fhéadfadh cur le forbairt chaighdeán sábháilteachta nithiúla an Aontais. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé sin bonn a chruthú do mhodh iompair Eorpach nua.

Bunús dlí:

Treoirhionscadal de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Mír PP 02 25 02 — Treoirhionscadal — Amchlár digiteach dinimiciúil cuimsitheach a chruthú le haghaidh seirbhísí iarnróid san Aontas

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				750 000	375 000			750 000	187 500

Barúlacha:

Níl aon amchlár cuimsitheach, digitithe agus dinimiciúil ann do thurais iarnróid ar fud an Aontais. Ba cheart staidéar féidearthachta a dhéanamh mar chuid den treoirhionscadal seo chun a mheas an bhféadfaí córas den sórt sin a bhunú agus a chur ar fáil don phobal agus conas a d'fhéadfaí déanamh amhlaidh. Uaireanta bíonn sé deacair taisteal iarnróid trasteorann, go háirithe, a láimhseáil, agus bíonn fadhbanna ann maidir le ticéadú agus faisnéis comh maith le nithe eile, amhail comhordú ar sceidealú.

Sa lá atá inniu ann, is gach Bainisteoir Bonneagair a shainíonn a amchlár lena n-áirítear bealaí trasteorann agus bíonn an t-eolas sin ar fáil don phobal, ach go ginearálta ní chuirtear ar fáil é ar bhealach idir-inoibritheach agus caighdeánaithe ná ní thiomsaítear é. Níl fáil láraithe ar an bhfaisnéis chomhiomlánaithe sin ar líne, rud a chuireann teorainn le comhtháthú na hearnála iarnróid. Bheadh sé ina réiteach ábhartha freisin an drogall a bhí ann roimhe seo a shárú maidir le sonraí a chomhroinnt, agus, ar an gcaoi sin, dul chun cinn a dhéanamh de réir a chéile i dtreo córas dinimiciúil buan i dtaobh amchlár agus faisnéise fíor-ama ghluaiseacht traenacha agus tuar traenacha, táillí ticéad etc., chun cur i gcrích an Limistéir Eorpaigh Aonair Iarnróid a chumasú go praiticiúil, chun tairbhe na ngeallsealbhóirí uile agus, níos tábhachtaí fós, na bpaisinéirí. Chun comhtháthú sonraí ar leibhéal an Aontais ó Phointí Rochtana Náisiúnta (NAPanna) arna mbunú ag na Ballstáit faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1926 ón gCoimisiún ('RialachánMMTIS') a áirithiú agus chun a cháilíocht a áirithiú le haghaidh seirbhísí trasteorann go háirithe, ba cheart don PP féachaint ar shineirgí le tionscadail atá ann cheana agus athúsáid faisnéise ó chórais atá ann cheana agus atá bunaithe ar leibhéal na hearnála a cheadú. Chuige sin, ba cheart aistriú ó bhunachair sonraí na hearnála táillebhunaithe go bunachar sonraí atá ar fáil go poiblí.

Dá bhrí sin, chun uirlis a chruthú do phaisinéirí agus d'oibreoirí araon, ba cheart don Choimisiún Eorpach córas den sórt sin a bhunú, agus tacaíocht iomchuí á fáil ó Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA). I ndeireadh na dála, chuideodh sé freisin le hardáin dhigiteacha a mbeadh sé d'aidhm acu faisnéis a chur ar fáil do thaistealaithe ionchasacha faoi na bealaí is díri, uainiú agus mar sin de. Faoi dheireadh, d'fhéadfadh na hoibreoirí agus na hardáin sin praghsáil a chur leis freisin, chomh maith le gnéithe breise laistigh de loighic na seirbhísí soghluaisteacha digiteacha ilmhódacha, a luaithe a chuirfear an tráthchlár dinimiciúil digiteach coiteann sin i bhfeidhm.

Dá bhrí sin, trí fhaisnéis fíor-ama den sórt sin faoi ghluaiseacht traenacha agus tuar traenacha a bheith ann ar bhealach cuimsitheach comhtháite mar aon le faisnéis faoi amchláir atá beartaithe, cumasaítear na seirbhísí sin go léir a bhfuil breisluach ard ag baint leo do phaisinéirí, chomh maith le hoibreoirí agus bainisteoirí bonneagair iad féin, agus, ar an gcaoi sin, cuidítear le hiarrachtaí chun taisteal ilmhódach a chur chun cinn i gcomhréir le Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh um an tSoghluaisteacht Inbhuanaíthe agus Chliste.

Ba cheart don Treoirhionscadal cur le cur chun feidhme éifeachtúil na n-oibleagáidí dlíthiúla atá ann cheana faoi Rialachán MMTIS agus na STInna le haghaidh feidhmchláir theileamaitice faoin Treoir maidir le hIdir-inoibritheacht Iarnróid (AE) 2016/797. Ina theannta sin, ba cheart foráil a dhéanamh leis do shásra iomchuí le haghaidh cothabháil amach anseo lena n-áiritheofar córas láidir athléimneach.

Bunús dlí:

Treoirhionscadal de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Mír PP 02 25 03 — Treoirhionscadal — Tiománaithe Trucaile a Chumhachtú — Lóistíocht na hEorpa a Réabhlóidiú

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanaís	Íocaíochtaí	Gealltanaís	Íocaíochtaí	Gealltanaís	Íocaíochtaí	Gealltanaís	Íocaíochtaí	Gealltanaís	Íocaíochtaí
				600 000	300 000			600 000	150 000

Barúlacha:

Comhthéacs/Fadhb:

Tá 3 mhilliún tiománaí trucaile san Eoraip, a aistríonn 75 % de lasta iomlán na hEorpa a iompraítear de thalamh. In ainneoin an iliomad rialachán Eorpach chun caighdeán tionscail agus dálaí oibre a fheabhsú, lena n-áirítear luach saothair, níl an earnáil in ann níos mó gairmithe a mhealladh agus tá ganntanas criticiúil tiománaithe trucaile os a comhair. Agus 380,000-425,000 post gan líonadh i 2021 agus lucht saothair atá ag dul in aois, meastar go sroichfidh an ganntanas seo 745,000 faoi 2028. Cuirtear an ganntanas sin i leith dálaí oibre deacra, tréimhsí fada a chaitear ar shiúl ón mbaile, amanna feithimh fada ag pointí luchtaithe/díluchtaithe, droch-chaighdeán limistéar páirceála, easpa saoráidí scithe, easpa rochtana nó cáilíocht íseal saoráidí sláintíochta ar an mbóthar agus ag suíomhanna luchtaithe/díluchtaithe, agus íomhá dhiúltach an tionscail. Ina theannta sin, mar gheall ar an easpa aitheantais ghairmiúil agus an easpa measa ar thiománaithe gairmiúla mar aon leis na deiseanna laga forbartha gairme agus an easpa tacaíochta, dispreagtar daoine óga (gan ach 7 % de thiománaithe trucaile) agus mná (gan ach 3.2 % de líon na dtiománaithe trucaile) ó dhul isteach san earnáil. Is léir nach leor na bearta rialála agus na bearta boga atá á ndéanamh faoi láthair chun dálaí

oibre a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas, rud a éilíonn cur chuige nuálach. Is féidir le tiománaithe trucaile iad féin cuidiú le feabhas a chur ar a ndálaí oibre agus ar tharraingteacht an phoist má thugtar de chumhacht dóibh déanamh amhlaidh agus má chuirtear an uirlis cheart ar fáil dóibh.

Réiteach:

Is é is aidhm don tionscadal uirlis chumhachtaithe den sórt sin a sholáthar do thiománaithe trucaile, i bhfoirm aip mhóibíleach ina rátálfadh tiománaithe pointí tábhachtacha ar a mbealach, áiteanna ina ndéanann siad obair eile seachas tiomáint, áiteanna ina n-úsáideann siad seirbhísí éagsúla nó ina ndéanann siad a scíth. Is é is aidhm d'aip den sórt sin a chruthú feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ar thuiscint an phobail ar ghairm na trucaile trí aiseolas ó thiománaithe a ghairáil chun pointí spéise feadh na mbealaí trucaile a rátáil agus a rangú. Chun é sin a bhaint amach ba cheart an aip a dhearadh chun athrú dearfach a spreagadh laistigh den tionscal.

D'fhéadfadh na catagóirí seo a leanas ar a laghad a chumhdach leis an an rátáil: (i) am feithimh, (ii) inrochtaineacht agus glaineacht leithris do thiománaithe trucaile, (iii) infhaighteacht agus glaineacht cithfholcadán do thiománaithe trucaile, (iv) infhaighteacht páirceála do thiománaithe trucaile, (v) cairdiúlacht foirne, (vi) saoráidí do thiománaithe trucaile bainearna.

Díríonn an aip ar thrí ghrúpa úsáideoirí:

- tiománaithe gairmiúla - na príomhúsáideoirí a chláraíonn, a sholáthraíonn rátálacha, agus a fhaigheann rochtain ar fhaisnéis mhionsonraithe faoi phointí spéise éagsúla (PoInna);
- riarthóirí (PoInna) – iad siúd a bhainistíonn próifílí PoI, a nuashonraíonn faisnéis (e.g., uaireanta oscailte, cineál saoráidí, léarscáileanna láithreán, rialacha inmheánacha), agus a thugann aghaidh ar aiseolas diúltach chun a rangú a fheabhsú;
- úsáideoirí eile – amhail oibrithe trádstórais, riarthóirí, agus geallsealbhóirí eile sa tionscal ar féidir leo rochtain a fháil ar fhaisnéis ghinearálta agus nótaí tráchta a dhéanamh ar rátálacha.

Ba cheart go mbeadh comhéadan soláimhsithe ag an aip, lena n-áirítear dearadh simplí, deilbhíní móra, agus tacaíocht ilteangach chun freastal ar lucht tiománaithe éagsúil. Ba cheart an córas rátála a bheith bunaithe ar chritéir shoiléire le háiseanna amhairc (e.g. sleamhnáin, deilbhíní) chun measúnuithe tapa iomasacha a éascú. Ba cheart geoshuíomh bunaithe ar shonraí GPS a chomhtháthú san aip chun suíomhanna PoI a mholadh agus a fhíorú, ag simpliú an phróisis rátála. Ba cheart go gcuirfeadh an aip ar chumas tiománaithe aiseolas mionsonraithe a chur ar fáil freisin trí nótaí tráchta i scríbhinn a chur isteach agus grianghraif a uaslódáil chun a rátálacha a léiriú. Ba cheart go gcumasódh an aip comhtháthú amach anseo le soláthraithe teileamaitice chun bealaí a bharrfheabhsú agus cumarsáid idir tiománaithe agus riarthóirí PoI a fheabhsú. Ba cheart próifílí PoI a bheith infheicthe do thiománaithe agus do gheallsealbhóirí an tionscail, agus rátálacha agus ábhar a ghineann tiománaithe á dtaispeáint iontu. Ba cheart go mbainfeadh PoInna a bhfuil rangú ard acu tairbhe as infheictheacht mhéadaithe agus as buntáistí eacnamaíocha féideartha, rud a thabharfadh spreagadh cumhachtach do ghnólachtaí chun a geleachtais a fheabhsú agus níos mó tiománaithe a mhealladh.

An bonn cirt atá le cistiú:

Meastar go dteastóidh €600,000 don tionscadal le haghaidh forbartha, cothabhála agus cur chun cinn a thabharfaidh toradh suntasach ar infheistíocht trí aghaidh a thabhairt ar dhúshlán criticiúil tionscail. D'fhéadfaí bunleagan an aip a fhorbairt, a thástáil agus a imscaradh laistigh de 12 mhí.

Cuirtear réiteach tráthúil, mórthionchair agus éifeachtach ó thaobh costais de ar féil leis an tionscadal. Trí thiománaithe a chumhachtú agus trédhearcacht a chur chun cinn, d'fhéadfadh an tionscadal seo earnáil an iompair de bhóthar a athrú ó bhonn agus a hinbhuanaitheacht a áirithiú.

Bunús dlí:

Treoirthionscadal de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Mír PP 02 25 04 — Treoirthionscadal — Lipéad Ladrann Iontaofa Eorpach

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				800 000	400 000			800 000	200 000

Barúlacha:

Tá dhá chuspóir ag an ngníomhaíocht phiolótach seo:

1) Critéir a shainiú le haghaidh lipéad deonach ‘LadrannIontaofa Eorpach’, a chuirfeadh le húsáid shlán ladrann agus a chuirfeadh tionscal ladrann an Aontais chun cinn.

2) Measúnú a dhéanamh ar roghanna chun scéim lipéadaithe a bhunú san AE.

Ba ghá na critéir agus an scéim araon a dhéanamh i ndlúthchomhar le geallsealbhoirí ábhartha an tionscail agus na n-údarás. Ba cheart do na critéir ionchais chibearshlándála na n-údarás a chomhlíonadh, a bheith indéanta do mhonaróirí ladrann agus ba cheart go mbeadh na ladrainn réasúnta inacmhainne do na ceannaitheoirí. Ba cheart go mbeadh scéim deonach agus níor cheart costais neamhriachtanacha a thabhairt isteach léi don tionscal ná do na húdaráis phoiblí.

Ag brath ar thoradh an tionscadail, d’fhéadfaí gníomhaíocht leantach a mheas chun tacú le scéim lipéadaithe den sórt sin a bhunú.

Bunús dlí:

Treoirthionscadal de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Mír PP 03 24 02 — Treoirthionscadal — Cuideachtaí agus páirtithe leasmhara a thosú amach ar aistear tuairiscithe inbhuanaitheachta na hEorpa

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	940 000	p.m.	940 000	3 500 000	4 180 000	p.m.	940 000	3 500 000	1 815 000

Airteagal PP 03 25 — 2025

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				8 200 000	4 100 000			8 200 000	2 050 000

Barúlacha:

Bunús dlí:

Gníomhartha tagartha:

Mír PP 03 25 01 — Treoirhionscadal — Bota Comhrá le haghaidh Fhorfheidhmiú an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha d'úsáideoirí

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				200 000	100 000			200 000	50 000

Barúlacha:

Chun cumhacht an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha a oibriochtú, tabharfaidh comhéadan aonair, i bhfoirm bota comhrá, an chumhacht d'úsáideoirí a gcearta agus a n-oibleagáidí a thuiscint, chomh maith leis an modheolaíocht is fearr chun cumarsáid a dhéanamh le hidirghabhálaithe agus, i gcás inar gá, tuairisciú a dhéanamh ar idirghabhálaithe, chomh maith le faisnéis a aisghabháil ó na bunachair sonraí trédhearcachta éagsúla arna gcruthú ag DSA. Bheadh sé ina uirlis luachmhar freisin chun sonraí a bhailiú, chun gur féidir feachtais bhréagaisnéise a shainaithint agus a neodrú níos tapúla.

Cosúil le go leor codanna eile de Acquis an Aontais, cuireann an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha cearta cuimsitheacha ar fáil d'úsáideoirí, amhail daoine aonair agus gnólachtaí. Leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, tugtar na cearta sin i ndáil le hidirghabhálaithe ar líne i gcoitinne, mar aon le hoibleagáidí breise d'ardáin an-mhór ar líne agus d'innill chuardaigh an-mhór ar líne (VLOPanna agus VLOSEnna). Áirítear ar na cearta sin an ceart chun ábhar tríú páirtí a thuairisciú, ráiteas ar chúiseanna a fháil nuair a fhorchuirtear srianta ar a n-ábhar féin, chomh maith le ceart chun cosaint a fháil ar rioscaí sistéamacha arb iad VLOPanna agus VLOSEnna is cúis leo.

Tá dúshlán ar leith ag baint leis an gcomhrac i gcoinne na bréagaisnéise, nach mbíonn ábhar neamhdhleathach i gceist léi de ghnáth. Teastaíonn tacaíocht ó fhaighteoirí na seirbhíse chun tuiscint a fháil ar cad ba cheart a thuairisciú agus conas déanamh amhlaidh. Teastaíonn sonraí go tapa ó lucht déanta beartas agus ó rialtóirí maidir le treochtaí, amhail vótálaithe a chur faoi chois le linn tréimhsí toghcháin nó gan modhnóireacht a dhéanamh ar ábhar i dteangacha ar leith.

Chabhródh bota comhrá atá cumhachtaithe ag IS leis an méid seo a leanas:

- 1- measúnú ag úsáideoirí i dtaobh an sárú ar rialacha an idirghabhálaí nó ar dhlí an Aontais é an t-ábhar atá á thuairisciú aige nó aici;
 - 2- gearán ó úsáideoirí faoi sháruithe ar an dlí nó ar na téarmaí seirbhíse, á gcur i dtoil a chéile acu ar bhealach is sothuigthe don idirghabhálaí;
 - 3- géarú a ngearán ag úsáideoirí mura bhfuil freagra an idirghabhálaí sásúil.
- I gcás eagraíochtaí neamhrialtasacha i measc phobal agus rialtóirí na frith-bhréagaisnéise, ghinfí sonraí faoi na nithe seo a leanas:
- 4- cé mhéad gearán a rinneadh;
 - 5- cé chomh tapa a rinneadh gníomhaíocht ina leith;
 - 6- patrúin a d'fhéadfadh cabhrú le feachtais eachtracha agus/nó feachtais chomhordaithe a shainaithint;
 - 7- cineálacha áirithe feachtas, amhail vótálaithe a chur faoi chois.

Mar threoirthionscadal, d'fhónfadh sé sin mar bhonn chun eolas agus cur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais maidir le fiorthairbhí a leathnú do dhaoine san Aontas, i ndáil leis an aon ionstraim amháin sin. Sa dara céim, d'fhéadfaí an tsamhail a leathnú chun téarmaí éagóracha conartha, rialacha ciandiola, an ceart chun deisiúcháin agus mar sin de a chumhdach.

Bunús dlí:

Treoirthionscadal de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Mír PP 03 25 02 — Treoirthionscadal — Taiscumair hidrigine nádúrtha faoi thalamh san Eoraip a mhapáil agus an reachtaíocht is gá a fhorbairt le haghaidh táirgeadh inbhuanaithe faoi chuimsiú Dhlí Aeráide an Aontais, straitéis an Aontais maidir le comhtháthú córas fuinnimh agus Straitéis Slándála Eacnamaíche na hEorpa agus Ceannasacht Fuinnimh na hEorpa

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				3 000 000	1 500 000			3 000 000	750 000

Barúlacha:

Is acmhainn luachmhar fuinnimh ghlain í Hidrigin Nádúrtha (nó hidrigin ‘BHÁN nó GHEOLAÍOCH’ freisin) a tharlaíonn go nádúrtha i dtaiscumair faoi thalamh. Murab ionann agus aon chatagóir Hidrigine eile atá ar an margadh faoi láthair, ní gá ach méid an-teoranta fuinnimh a tháirgeadh le haghaidh hidrigin nádúrtha agus d'fhéadfaí í a eastóscadh go hinbhuanaithe ón talamh.

Déantar é a tháirgeadh 24/7, ní theastaíonn aon stóráil uaithi agus tá costas táirgthe EUR 0.5-1 air a d'fhágfadh go mbeadh sé ar an hidrigin is iomaíche sa mhargadh. Tá an lorg is ísle aici i measc na bhfoinsí hidrigine go léir agus níl aon uisce úr ag teastáil. D'fhéadfadh Hidrigin Nádúrtha an t-aistriú chuig fuinneamh glan a athrú ó bhonn. Tá os cionn 1 mhilliún tonna de mhéid inghnóthaithe díreach in aon struchtúr amháin le fáil in Aragón, Tuaisceart na Spáinne a shásódh 10% d'úsáid reatha na Spáinne ar feadh 20+ bliain.

Maidir leis an gcreat rialála, is iad an Fhrainc, ó 2022 i leith agus an Pholainn, ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 i leith amháin, a bhfuil reachtaíocht i bhfeidhm acu maidir le hidrigin nádúrtha san Eoraip agus tá an Spáinn ag obair ar reachtaíocht dá leithéid faoi láthair. Tá Mailí, an Astráil agus SAM i gceannas ar fhorbairt tionscadal hidrigine nádúrtha ar fud an domhain le cloch mhíle, USD 91m infheistithe ag Bill Gates sa chuideachta Koloma chun druileáil le haghaidh hidrigin saor ó charbón a ghintear go leanúnach faoi thalamh.

Aithníonn formhór na ngníomhaireachtaí fuinnimh ar fud an domhain anois an tábhacht a bhaineann le hidrigin nádúrtha agus an ról a d'fhéadfadh a bheith aici sa mheascán fuinnimh a bheidh ann amach anseo. Tá an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) ag obair faoi láthair ar TID (Task in Definition) don hidrigin nádúrtha chun dlús a chur lena forbairt. Sa tuarascáil is déanaí ó IEA maidir le táirgeadh hidrigine a foilsíodh in 2023 ('Global Hydrogen Review' [An tAthbhreithniú Domhanda ar Hidrigin], Meán Fómhair 2023), áiríodh hidrigin nádúrtha den chéad uair. Aithníonn sé dhá thionscadal san Eoraip.

Sna Stáit Aontaithe, mhaoinigh an Ghníomhaireacht um Ardtionscadail Taighde–Fuinneamh (ARPA-E) le USD 20m dhá Thionscnamh atá dírithe ar Tháirgeadh Hidrigine le hAstaíochtaí Ísle de Ghás Ceaptha Teasa.

Tá deiseanna tráchtála inbhuanaithe nua á gcur ar fáil ag an ngeilleagar hidrigine nádúrtha do na cuideachtaí traidisiúnta ola agus gáis arb é is aidhm dóibh a bpunann tionscadal a dhícharbónú agus aistriú chuig tionscadail inbhuanaithe nua. Ba cheart hidrigin nádúrtha a bheith mar chuid den mheascán fuinnimh, samhlacha gnó rathúla agus modheolaíocht rathúil san Aontas Eorpach a mhacasamhlú agus a mhéadú, dlús a chur le forbairt infheistíochtaí idir-réigiúnacha, agus comhtháthú a threisiú.

Cuirfidh hidrigin nádúrtha leis an nuálaíocht i gceantair thuaithe agus iargúlta ina gcuirtear taiscumair hidrigine nádúrtha, lena dtógtar agus lena gcuirtear éiceachórais thionsclaíocha agus eacnamaíocha nua san Aontas Eorpach nach ann dóibh faoi láthair agus lena dtreisiítear athdhaonrú le gairmithe ardscileanna.

Is féidir le hidrigin nádúrtha an t-aistriú chuig fuinneamh glan a athrú ó bhonn. Gineann an domhan hidrigin go leanúnach agus féadann sé carnadh suntasach fodhromchla a dhéanamh mar phróiseas nádúrtha gan fionnuisce a ídiú. Dá bhrí sin, tá an lorg carbóin is ísle ag hidrigin nádúrtha, le 50 uair níos lú CO₂ ná hidrigin liath, a sholáthraíonn os cionn 95 % de hidrigin nádúrtha an domhain faoi láthair agus is féidir léi táirgeadh tionsclaíoch ísealcharbóin hidrigine a chomhlánú agus rannchuidiú leis an soláthar fuinnimh a dhaingniú agus eadrannacht an tsoláthair a sheachaint.

Tá a cumas léirithe go heolaíoch cheana féin agus samhlacha tráchtála teoranta ar fáil i Mailí, agus san Astráil. Tá gá le tacaíocht phoiblí Eorpach chun creat rialála iomchuí a shainiú san Aontas Eorpach, chun acmhainní a shainaithint agus chun treoirhionscadail a chur chun feidhme i dtíortha Eorpacha ina bhfuil acmhainní suntasacha. Is gá a chinneadh conas a d'fhéadfadh hidrigin nádúrtha atá san Aontas Eorpach rannchuidiú leis an Straitéis Hidrigine Eorpach agus le meascán fuinnimh na hEorpa.

Ina theannta sin, trí gheilleagar hidrigine nádúrtha a fhorbairt, cumhachtófar glúin nua gairmithe ardoilte atá ailínithe go hiomlán le Clár Scileanna Glasa an Choimisiúin Eorpaigh (an Comhshocrú Aeráide Eorpach), ina bhfuil poist agus deiseanna na todhchaí á soláthar cheana féin ag gníomhú ar son na haeráide. Cuirfidh geilleagar nádúrtha atá bunaithe ar hidrigin san Eoraip le fostaíocht ardoilte a ghiniúint agus le lucht saothair thionscal na hola agus an gháis a thiontú ina nglúin nua de lucht saothair an Chomhaontaithe Ghlais.

Meastar gur mór-roinn í an Eoraip a bhfuil gealladh fúithi chun fosuithe hidrigine nádúrtha a aimsiú. Sainaithníodh taiscumair hidrigine nádúrtha, mar shampla, sa Spáinn, sa Fhrainc, sa Pholainn, san Ungáir, sa Ghearmáin, san Úcráin nó san Albáin. Tugtar le fios i dtaighde a rinneadh le déanaí lena ndírítear ar thíortha éagsúla ar fud an domhain go bhfuil iliomad deiseanna inmharthana agus láithreáin táirgthe insaothraithe chostéifeachtacha ar fáil laistigh de roinnt tíortha Eorpacha (féach thíos 'hidrigin nádúrtha san Eoraip').

Is deis uathúil é forbairt agus úsáid stóir hidrigine nádúrtha chun dlús a chur leis an aistriú fuinnimh agus leis an soláthar hidrigine a thacaíonn le ceannasacht agus slándáil na hEorpa.

Trí leas a bhaint as flúirse mheasta na hidrigine nádúrtha laistigh d'fhoirmíochtaí geolaíocha na hEorpa, d'fhéadfadh an tAontas Eorpach feabhas a chur ar a shlándáil fuinnimh, astaíochtaí a laghdú, agus an bealach a réiteach do thodhchaí níos glaine agus níos inbhuanaithe do shaoránaigh agus do thionscal na hEorpa.

I gcás na réigiún ina bhfuil suíomhanna hidrigine nádúrtha, cuirfidh an inrochtaineacht ar hidrigin an-iomaíoch dlús le hinfeistíocht thionsclaíoch nua a mhealladh le tionscadail úrnua. Dá bhrí sin, deis iontach a bheidh ann í a shainaithint/a mhapáil agus a tháirgeadh go cuí ar scála tráchtála chun éiceachóras nuálach Eorpach a fhorbairt ina mbeidh an iliomad réigiún ina bhfuil hidrigin nádúrtha ar fáil agus ina bhfuil tionscal an gháis agus an taighde ábhartha.

Bunús dlí:

Treoirthionscadal de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Mír PP 03 25 03 — Treoirthionscadal — Ceadú AI4 Glan-Nialasachta

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				5 000 000	2 500 000			5 000 000	1 250 000

Barúlacha:

Leis an treoirthionscadal seo, cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil d'údaráis phoiblí, go príomha údaráis áitiúla, lena dtabharfar isteach córais atá bunaithe ar an intleacht shaorga, nó córais atá bunaithe ar theicneolaíochtaí digiteacha eile ar bhonn eisceachtúil, chun na ceanglais nua maidir le ceadú cuíchóirithe faoin nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta a bhainistiú. Is éard a bheidh sa tacaíocht ná tacaíocht airgeadais dhíreach agus foghlaim fhrithpháirteach araon ó na húdaráis rannpháirteacha chun an obair chúil is gá chun ceadú a bhainistiú. Díreofar go háirithe ar Ghleannta Luasghéaraíthe Glan-Nialasachta i réigiúin ghuaill i ngnéithe aistrithe agus comhshaoil ceadanna. I gcás inar féidir, agus mar chuspóir tánaisteach amháin atá faoi réir an phríomhchuspóra tacaíocht airgeadais a chur ar fáil d'údaráis phoiblí, féadfaidh an Coimisiún féachaint ar an mbealach is fearr is féidir leis cuidiú le húdaráis áitiúla uirlisí digiteacha a thabhairt isteach chun ceadú a chuíchóiriú.

Bunús dlí:

Treoirthionscadal de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Airteagal PP 04 25 — 2025

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				4 000 000	2 000 000			4 000 000	1 000 000

Barúlacha:

Bunús dlí:

Gníomhartha tagartha:

Mír PP 04 25 01 — Treoirthionscadal — Creat beartais cuimsitheach le haghaidh príomhshonraí geospásúla san Aontas

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				2 000 000	1 000 000			2 000 000	500 000

Barúlacha:

Tá faisnéis gheospásúil agus faisnéis suímh ríthábhachtach le haghaidh cinnteoireacht eolasach shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil. Tá tacar bunsonraí geospásúla tagartha ann ó fhoinsí oifigiúla ar buntacair sonraí iad. Ní féidir iad a dhíorthú ó thacair sonraí eile agus tá siad tábhachtach toisc go dtacaíonn siad le faisnéis ar fud na dtéamaí agus na bhfearann go léir. Tá an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí agus na Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha ag cruthú margadh aonair idirnasctha le haghaidh sonraí, agus le linn do na spásanna sonraí earnálacha uile a bheith á bhforbairt, (mar shampla: sláinte, comhshaoil, talmhaíocht, fuinneamh, iompar, slándáil, seirbhísí éigeandála, na SFInna), ní mór bunsonraí geospásúla a bheith mar bhonn taca leo.

Tá sainordú ag na Ballstáit, trína n-údaráis náisiúnta mhapála, chadastracha agus chlárann na talún, faisnéis gheospásúil tagartha lárnach náisiúnta atá iontaofa agus cruinn a bhailiú agus a choinneáil ar bun. Tá sé sin ríthábhachtach chun uirlisí agus seirbhísí a fhorbairt chun tacú le beartais phoiblí, spásanna coiteanna sonraí agus an t-aistriú digiteach san Eoraip. Tá sé ríthábhachtach beartais ábhartha a chomhordú chun croí-shonraí geospásúla a sholáthar ar an leibhéal Eorpach. Is úsáid agus athúsáid éifeachtach faisnéise ón earnáil phoiblí chun leasa an Aontais agus a chuid saoránach iad tacair sonraí gan uaim, chomhchuibhithe, chomhoiriúnacha agus idir-inoibritheacha.

Cé go bhfuil faisnéis gheospásúil agus faisnéis suímh ríthábhachtach le haghaidh raon leathan beartas, lena n-áirítear Deacáid Dhigiteach an Aontais agus an Comhaontú Glas don Eoraip, tá bainistiú na faisnéise geospásúla, go háirithe bunsonraí geospásúla tagartha, ilroinnte agus scaipthe thar threoracha, rialacha agus rialacháin éagsúla. Áirítear orthu sin INSPIRE, an Treoir maidir le Sonraí Oscailte agus Faisnéis ón Earnáil Phoiblí, pacáiste an Chomhaontaithe Ghlais, agus an tionscnamh nua GreenData4All. Chomh maith le hArd-Stiúrthóireachtaí agus Gníomhaireachtaí éagsúla, amhail Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, EEA, agus Eurostat.

Cruthaíonn ilroinnt agus easpa comhlachta aonair laistigh den Choimisiún atá freagrach as beartas geospásúil agus sonraí geospásúla dúshlán agus bacainní, rud a chuireann cosc ar an Aontas agus ar a shaoránaigh an leas is fearr is féidir a bhaint as na tairbhí a bhaineann le sonraí geospásúla a bhailítear ó fhoinsí oifigiúla.

Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna sin, moltar staidéar sa tionscadal seo ina ndéanfaí anailís agus moladh maidir le conas is féidir leis an gCoimisiún beartas éifeachtach comhchuibhithe a áirithiú maidir le croífhaisnéis gheospásúil tagartha ó fhoinsí oifigiúla ar fud an Aontais.

Is iad príomhthreonna an staidéir sin ná:

- Taighde a dhéanamh ar na creataí beartais, treoracha, rialacha agus rialacháin atá ann cheana (agus atá beartaithe) a bhfuil tionchar acu ar bhunsonraí geospásúla tagartha ó fhoinsí oifigiúla nó a bhfuil sonraí geospásúla tagartha ó fhoinsí oifigiúla san áireamh iontu;
- Staidéar a dhéanamh i measc phobal seanbhunaithe tháirgeoirí náisiúnta (na hearnála poiblí) na bpríomhshonraí geospásúla tagartha, chun tuiscint a fháil ar na bearnaí sa reachtaíocht Eorpach atá ann cheana nach dtugann aghaidh go héifeachtach faoi láthair ar chroí-shonraí geospásúla ó fhoinsí oifigiúla;
- Béim a leagan ar na dúshlán, na bacainní agus na constaicí i mbeartais reatha atá ag cur bac ar bhainistiú éifeachtach comhchuibhithe faisnéise geospásúla ó fhoinsí oifigiúla ar fud an Aontais;
- Na buntáistí a bhaineann le creat beartais geospásúil comhchuibhithe le haghaidh faisnéis gheospásúil thagartha lárnach a léiriú go soiléir, agus an chaoi a nascann sé sin le todhchaí dhigiteach na hEorpa;

- Treochlár i dtreo rialachas cuimsitheach a fhorbairt le haghaidh croíshonraí geospásúla ó fhoinsí oifigiúla.

Bunús dlí:

Treoirthionscadal de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Mír PP 04 25 02 — Treoirthionscadal — Comhtháthú Sonraí Spáis an Aontais chun tacú le rialú iascaigh

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				2 000 000	1 000 000			2 000 000	500 000

Barúlacha:

Is iad na Ballstáit a chuireann oibríochtaí rialaithe iascaigh chun feidhme le tacaíocht ó AS-MARE agus EFCA, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Rialú ar Iascach. Tá anailís á déanamh ag AS-DEFIS in éineacht le EUSPA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis) ar na cásanna úsáide inar féidir le Sonraí Spáis an Aontais rannchuidiú le gníomhaíochtaí rialaithe iascaigh, faoi scáth mheabhráin tuisceana le EFCA.

Sainaithníodh dhá phríomhchás úsáide:

- Seirbhísí Galileo agus Copernicus a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar áiríochtaí iascaireachta. Déanfar suíomhanna arna dtuairisciú ag áiríochtaí a fhíordheimhniú le sonraí arna soláthar ag sonraí Galileo. Úsáidfear íomhánna Copernicus chun na sonraí sa limistéar agus am an chumhdaigh a fhíorú.
- Seirbhísí Galileo agus Copernicus a úsáid chun patról a dhéanamh ar Chórais Aerárthaí Gan Foireann (UAS nó ladraínn).
- Déanfar na híomhánna a thógann dróin a stampáil le ham agus suíomh arna bhfíordheimhniú le sonraí Galileo. Úsáidfear seirbhísí Copernicus agus Galileo chun tacú leis an gcás sábháilteachta le haghaidh oibríochtaí ladraínn.

Beidh an tionscadal dírithe ar an méid seo a leanas:

- Freastal ar mheithleacha atá ann cheana lena dtugtar aghaidh ar réitigh le haghaidh áiríochtaí iascaireachta agus ladraínn, lena n-áirítear ardáin phoiblí/phríobháideacha éagsúla agus príomhpháirtithe leasmhara tionsclaíocha a chur faoi agallamh, amhail dróin-oibreoirí, comhlachais áiríochtaí iascaireachta, agus údarais ábhartha Mhuirí agus Eitlíochta le haghaidh cuardaigh agus tarrthála;
- Ceanglais úsáideoirí a chomhdhlúthú agus trealamh le haghaidh soithí iascaireachta agus ladraínn phatróil a shainiú.
- Coincheap na n-oibríochtaí a chomhdhlúthú agus riachtanais feidhmíochta agus fíordheimhniúcháin a shuí le haghaidh rialú iascaigh;
- Sainaithint na bpríomhdhúshlán nach foláir a shárú chun oibriú sábháilte agus suíomh athléimneach a áirithiú.

- Sainaithint agus anailís na mbacainní teicniúla agus rialála (e.g. easpa caighdeán agus rialála), slabhra luacha an tionscail agus samhlacha nua gnó a d'fhéadfadh teacht chun cinn.
- Na gníomhaíochtaí féideartha a shainaithint ar leibhéal na mBallstát, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil chun borradh a chur faoin bhforbairt gnó, agus tacú le FBManna réitigh spásbhunaithe AE a chur ar fáil chun réitigh níos sábháilte a sholáthar do chabhlaigh an Aontais.
- Fréamhshamhaltú trealamh ar bord a úsáideann comharthaí Galileo chun aghaidh a thabhairt ar na príomhriachtanais nach gcumhdaítear go dtí seo leis an trealamh atá ann cheana, ag díriú ar úsáid sheirbhísí fiordheimhniúcháin Galileo.
- Cur chun feidhme roinnt léirsithe le haghaidh árthaí iascaireachta agus ladraínn phatróil, lena mbaineann Ballstáit éagsúla. Is é an aidhm atá ann féidearthacht agus breisluach a léiriú don earnáil, agus an coincheap oibríochtúil á bhailíochtú le rannpháirtíocht úsáideoirí Eitlíochta agus Muirí agus údarás inniúil ó thíortha éagsúla. Bainfidh na ladraínn agus na hárthaí sa léiriú úsáid as seirbhís fiordheimhniúcháin Galileo agus as na teachtaireachtaí sonracha atá ionchódaithe.
- Rannhuidiú le dréachtchaighdeán nua lena sainítear 1) íoscheanglais oibríochtúla maidir le faisnéis faoi shuíomh GNSS agus VMS i soithí iascaireachta agus 2) na tástálacha is gá chun comhlíonadh feidhmíochta a fhíorú chun tacú le tionscnaimh rialála san Eoraip amach anseo.

Bunús dlí:

Treoirthionscadal de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Airteagal PP 05 25 — 2025

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				4 000 000	2 000 000			4 000 000	1 000 000

Barúlacha:

Bunús dlí:

Gníomhartha tagartha:

Mír PP 05 25 01 — Treoirthionscadal — Pointí comhordúcháin trasteorann a bhunú chun réitigh trasteorann ar bhacainní riaracháin agus dlíthiúla a éascú

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				4 000 000	2 000 000			4 000 000	1 000 000

Barúlacha:

I mí na Nollag 2023, d'eisigh an Coimisiún Eorpach togra athbhreithnithe le haghaidh Rialachán maidir le Réitigh Trasteorann a Éascú (COM(2023) 790 final; 2018/0198 (COD) Tá caibidlíocht ar an togra seo ar siúl faoi láthair. Leagtar amach sa togra nós imeachta chun réiteach a éascú ar chonstaicí trasteorann a chuireann bac ar bhunú nó ar fheidhmiú an bhonneagair is gá le haghaidh

gníomhaíochtaí príobháideacha nó poiblí, nó aon seirbhís phoiblí trasteorann ar choinníoll go rannchuidíonn sé le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach sa chríoch thrasteorann.

De bhun théacs an togra le haghaidh Rialacháin, bunóidh na Ballstáit pointe comhordúcháin trasteorann amháin nó níos mó ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, nó i gcomhpháirt le tír chomharsanachta (nó tíortha comharsanachta). Beartaítear leis an treoirthionscadal seo méid leordhóthanach cistí ó bhuiséad an Aontais a chur ar fáil lena gcuirfear ar chumas na mBallstát toilteanach pointí comhordúcháin trasteorann a bhunú ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, nó i gcomhpháirt le Ballstát comharsanachta amháin nó níos mó. Ag brath ar thoradh nó ar stádas na caibidlíochta maidir leis an togra le haghaidh Rialacháin, d'fhéadfadh na Ballstáit an treoirthionscadal a úsáid freisin chun maoiniú a dhéanamh ar chruthú nó ar chothabháil struchtúr comhordúcháin eile lena n-éascaítear réitigh trasteorann ar bhacainní riaracháin nó dlíthiúla, i sineirgíocht le tionscnaimh atá ann cheana ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta, amhail 'b-réitigh'

Trí acmhainní ó bhuiséad an Aontais a threorú chuig na Ballstáit a chinneann go toilteanach pointí comhordúcháin trasteorann nó struchtúir eile a bhunú, d'fhéadfaí cuspóir le ceithre ghné a bhaint amach:

- Gan beann ar thoradh na caibidlíochta maidir leis an togra le haghaidh Rialacháin, d'fhéadfadh an treoirthionscadal tacú leis na Ballstáit pointí comhordúcháin trasteorann nó struchtúir chomhordúcháin eile a bhunú, d'fhonn cur le soláthar na seirbhíse comhpháirtí nua sin do thionscnóirí. Dá réir sin, d'éascódh sé sin tuiscint trasteorann agus d'fheabhsódh sé comhar chun constaicí trasteorann a réiteach;
- I gcás ina nglacfaí go críochnaitheach an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin, d'áiritheofaí leis an treoirthionscadal insreabhadh cistí chuig na Ballstáit a chinneann codanna den togra le haghaidh Rialacháin a chur chun feidhme go toilteanach go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, nó go dtí go dtiocfaidh cuid dá fhorálacha i bhfeidhm;
- i bhfianaise na fleisce roimhe seo, d'fhéadfadh an treoirthionscadal seo meastachán iontaofa a thabhairt ar mhéid an mhaoinithe is gá chun an togra le haghaidh Rialacháin a chur chun feidhme i gceart, agus d'fhéadfadh sé treoir a thabhairt don Choimisiún agus do na comhreachtóirí maidir le cistí leordhóthanacha a chur in áirithe agus an Creat Airgeadais Ilbhliantúil nua á leagan amach agus á chaibidliú.
- Ar deireadh, agus dá nglacfaí an togra le haghaidh Rialacháin agus dá dtiocfadh sé i bhfeidhm, laghdódh an treoirthionscadal seo an t-ualach riaracháin ar údarais phoiblí ar an leibhéal réigiúnach nó ar leibhéal na mBallstát, go háirithe maidir le pointí comhordúcháin trasteorann a bhunú, nó an oibleagáid ar na Ballstáit gach comhad trasteorann a fhaightear i gclár poiblí a stóráil.

Cúraimí na bpointí comhordúcháin trasteorann arna mbunú ar bhonn deonach ag na Ballstáit ar mian leo acmhainní a bhaint as an treoirthionscadal seo, thiofadh siad faoi réir bhrí mhíreanna 1, 2 agus 4 d'Airteagal 5 den Togra le haghaidh Rialacháin. Ina theannta sin, d'fhéadfadh na Ballstáit lena mbaineann teacht ar chomhaontú maidir leis an bpointe nó na pointí comhordúcháin trasteorann a chumhachtú chun an uirlis éascaithe trasteorann a úsáid go comhpháirteach, agus eadhon tús a chur le comhairliúchán leis na húdarais inniúla sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann nuair a thugtar fógra faoi bhacainn trasteorann, nó féachaint an bhféadfaí tionscnaimh eile de chuid an Aontais amhail 'b-réitigh' a úsáid.

Bunús dlí:

Treoirthionscadal de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE)

Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Airteagal PP 07 25 — 2025

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				3 500 000	1 750 000			3 500 000	875 000

Barúlacha:

Bunús dlí:

Gníomhartha tagartha:

Mír PP 07 25 01 — Treoirthionscadal — Comhtháthú sóisialta a chur chun cinn i bhfianaise dioscúrsa poiblí deighilte?

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				800 000	400 000			800 000	200 000

Barúlacha:

An toradh a bhfuiltear ag dréim leis:

An bhfuil an daonlathas inbhuanaithe i ré na mímhúiné agus na deighilte? Tá ardú na fuathchainte, na mífhaisnéise agus na mbolgán scagtha ag cur síol na míshástachta agus an eisiaimh shóisialta. Is cosúil go bhfuil sé dodhéanta stop a chur leis an dinimic, agus grúpaí imeallacha beaga ach gutha ag instealladh tuairimí foircneacha sa dioscúrsa poiblí. Ar an gcúis sin, ba cheart fáilte a chur roimh chosc agus faireachán níos fearr ar an dioscúrsa polaitiúil an-mhór ar líne, agus an tsaoirse cainte á caomhnú ag an am céanna. Is féidir é seo a dhéanamh tríd an dioscúrsa reatha ar thuairimí an phobail ar na meáin shóisialta a mhapáil ar shaincheisteannta suntasacha polaitiúla. Trí sheiceáil a dhéanamh ar úsáid na n-ionadaithe tofa teanga, d'fhéadfaimis tírdhreach an dioscúrsa pholaitiúil a mhapáil agus a fheiceáil cad iad na téarmaí agus na saincheisteannta is deighilte. Trí úsáid a bhaint as anailís ar mheon, d'fhéadfaimis a thástáil an spreagann nó an n-ionsaíonn an teanga a úsáideann ionadaithe tofa ionadaithe eile agus d'fhéadfaimis faireachán a dhéanamh ar mhéid an fheachtais chlúmhille i bParlaimint na hEorpa agus i bparlaimintí náisiúnta roghnaithe. Agus leas á bhaint as sin, is féidir roinnt leaganacha teanga de chuid an Aontais a dhréachtú agus a oiriúnú, ionas go gcumhdófar sampla de Bhallstáit AE27, b'fhéidir iad siúd a bhfuil polarú taifeadta níos mó acu.

Raon feidhme:

1. Cruthaigh an tsamhail foghlama meaisín. APOLLO: Anailís ar Theanga na Tuairime Polaitiúla trí Fhoghlaim ar Líne.
2. Traenáil an tsamhail i dteangacha atá difriúil ón mBéarla (suas le 5)
3. Déan cnuaschoipeáil chuimsitheach ón ngréasán de na príomh-mheáin shóisialta a phleanáil (tráchtanna YT, X, Instagram, Facebook, TikTok, srl), ag íoc as an scríobadh nuair is gá.
4. Suirbhé ar líne a réachtáil chun freagróirí a bhailiú agus a roghanna polaitiúla a shainaithint agus cibé acu a leanann siad roinnt polaiteoirí/figiúirí poiblí ar na meáin shóisialta nó nach leanann, agus chun teacht ar na daoine is mó a bhíonn rannpháirteach ar na meáin shóisialta. D'fhéadfadh sé go bpléifí an suirbhé ar subReddits ábhartha a phléann le polaitíocht na hEorpa. D'fhéadfadh Reddit

léargas spéisiúil a thabhairt ar phobail imeallacha freisin, agus ‘forscaipeoirí’ na mífhaisnéise a shainaithint.

5. Faoi rialacha RGCS, scrios gníomhaíocht na n-ionadaithe tofa (gan ainmneacha i gcónaí) ar na meáin shóisialta, chomh maith le tuairimí agus freagraí. Maidir le hábhair the, tráchtanna agus freagraí a scríobadh faoi mheáin bhunaithe (e.g. The Irish Times, Politico, Il Corriere, Le Monde, etc.)

6. Tríd an dá thacar sonraí a chumasc, ag aimsiú comhghaol idir teanga pholaitiúil, lean polaiteoirí agus mothú eisiaimh shóisialta, ag rialú d'athróga socheacnamaíocha mar neamhshlándáil eacnamaíoch agus poist.

Bunús dlí:

Treoirhionscadal de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Mír PP 07 25 02 — Treoirhionscadal — Obair ullmhúcháin le haghaidh struchtúir chomhairleoireachta chun tacú le saothar imirceach soghluaiste

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				1 200 000	600 000			1 200 000	300 000

Barúlacha:

Tá saothar imirceach soghluaiste anois ina dheighleog struchtúrach de na margaí saothair náisiúnta i ngach Ballstát den Aontas. Táthar ag súil go leanfaidh an treocht seo ag fás. I bhfianaise na nganntanas scileanna agus saothair agus na mbeartas earcaíochta spriocdhírithe, tá fianaise ann go dtiocfaidh méadú freisin ar shoghluaisteacht náisiúnach tríú tír atá ag obair go sealadach san Aontas. Is minic a bhíonn siad gníomhach in earnálacha riachtanacha, agus tá oibrithe imirceacha taistil rithábhachtach d’fheidhmiú cuí mhargadh inmheánach an Aontais. Ag an am céanna, áfach, is ionann oibrithe a phostaítear nó a ghlacann le fostaíocht ar feadh tréimhse ghearr ama, agus grúpa oibrithe an-leochaileach agus is minic a bhíonn a staid forbhásach. I bhfianaise chastacht na gcásanna saothair trasnáisiúnta agus mar gheall ar easpa scileanna teanga agus eolais ar na rialacha is infheidhme, ní furasta do na hoibrithe sin a gcearta a theachtadh agus a chosaint ina n-aonar. Le dálaí oibre forbhásacha agus dúshaothrú struchtúrach saothair, cuirtear cosc ar lánpháirtiú sa mhargadh saothair, baintear an bonn d’iarrachtaí earcaíochta agus d’iomaíocht chóir amach anseo. Tá bearta agus feachtais éagsúla seolta ag an Údarás Eorpach Saothair chun aird a tharraingt ar earnálacha agus ar ghrúpaí fostaíochta atá buailte go dona, amhail oibrithe séasúracha, tiománaithe gairmiúla agus an grúpa náisiúnach tríú tír ar postú atá ag dul i méid. Mar sin féin, ní féidir leis an Údarás Eorpach Saothair tacaíocht aonair a thairiscint do na spriocghrúpaí sin. Dá bhrí sin, is féidir le struchtúir chomhairleoireachta agus tacaíochta thrasnáisiúnta a bhaineann le ceardchumann atá dírithe ar shaothar imirceach soghluaiste rannchuidiú go mór le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair agus imirce chothrom a chur chun cinn mar a chumhdaítear in acquis sóisialta an Aontais Eorpaigh agus mar a dearbhaíodh i nDearbhú idirinstiúideach La Hulpe 2024 maidir le todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ní hamháin go dtugann seirbhísí comhairleoireachta trasnáisiúnta cabhair aonair d’oibrithe, ach tugann siad léargas tábhachtach freisin ar staid an lucht saothair imirceach soghluaiste in earnálacha riosca, ar fhorbairtí i margadh saothair na hEorpa agus ar chineálacha nua patrún fostaíochta agus soghluaisteachta. Thairis sin, tá faisnéis aonair agus

comhairleoireacht d'oibrithe ina gcomhlánú tábhachtach ar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, amhail cigireachtaí saothair.

Is é ábhar an PP ná taighde eolaíoch ar staid an tsaothair imirceach soghluaiste agus an tionchar a bhíonn ag cuidiú le struchtúir chomhairleoireachta ar na spriocghrúpaí sin. Ba cheart béim ar leith a leagan ar earnálacha riosca amhail iompar idirnáisiúnta de bhóthar, obair shéasúrach in horeca agus sa talmhaíocht, earnáil na tógála agus an grúpa méadaitheach náisiúnach tríú tíortha ar postú. Ba cheart faireachán agus meastóireacht ar struchtúir chomhairleoireachta atá ann cheana i dtíortha tionscnaimh agus i dtíortha cinn scríbe a bheith ina bpríomhghné den staidéar. Chun ionadaíocht an fhaireacháin a áirithiú agus chun deis a thabhairt don mheastóireacht moltaí oibríochtúla a cheapadh, beidh cuid shuntasach den PP chun líonra comhairleoireachta trasnáisiúnta a bhaineann le ceardchumann a réachtáil (seacht dtír ar a laghad sa chéad bhliain, a leathnófar de réir a chéile). Ba cheart 1-3 thír is iarrthóirí nó tríú tíortha eile laistigh den Eoraip amhail an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Albáin nó an Chosaiv a áireamh sa líonra freisin. Is iad oibrithe imirceacha taistil gearrthéarmacha príomh-spriocghrúpaí na comhairleoireachta. Ba cheart tacú leis na hionaid chomhairleoireachta ina bhforbairt, ina n-obair chomhairleoireachta agus ina líonrú trasnáisiúnta trí chomhordú. Tacófar le bunú ionad nua comhairleoireachta trí bhearta spriocdhírthe fothaithe acmhainneachta.

Ba cheart go n-áireofaí sa staidéar eolaíoch taighde tírshonrach agus agallaimh le saineolaithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach maidir le staid an tsaothair imirceach soghluaiste in earnálacha riosca agus staid na náisiúnach tríú tír ar postú. Mar chuid den taighde, ba cheart na seirbhísí comhairleoireachta atá ann cheana do na spriocghrúpaí a shainaithint agus riachtanais (earnáilsonracha) le haghaidh comhairleoireachta agus tacaíochta a chinneadh. Déanfar malartú tráthrialta leis an Údarás Eorpach Saothair agus le hionadaithe na n-earnálacha lena mbaineann le linn thréimhse an PP.

Le toradh an PP, soláthrófar anailís ar an staid agus ar na dúshláin a bhíonn ag lucht saothair imirceach soghluaiste in earnálacha riosca agus náisiúnaigh tríú tír ar postú i margadh saothair na hEorpa, a dtabharfar aghaidh nithiúil orthu ag an am céanna trí líonra comhairleoireachta trasnáisiúnta a chur chun feidhme agus a leathnú go praiticiúil. Ina theannta sin, forbrófar meastóireacht ar na seirbhísí comhairleoireachta atá ann cheana do na spriocghrúpaí agus mapáil ar na riachtanais (earnáilsonracha) le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta. Bunaithe ar thorthaí an staidéir, ceapfar moltaí chun tionscnamh tiomnaithe a ullmhú chun líonra comhairleoireachta Eorpach do shaothar imirceach soghluaiste a chistiú agus a bhunú go fadtéarmach. Cuirfear torthaí an PP i láthair agus pléifear iad ag comhdháil dheiridh ar leibhéal na hEorpa. D'fhonn leas leanúnach a bhaint as torthaí an PP, cuirfear torthaí eatramhacha i láthair agus pléifear iad ag comhdháil lár-tionscadail.

Bunús dlí:

Treoirthionscadal de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Mír PP 07 25 03 — Treoirthionscadal — Táirgiúlacht, fostaíocht, agus pá in aois na hintleachta saorga (IS) — modheolaíochtaí agus tionchair

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				1 500 000	750 000			1 500 000	375 000

Barúlacha:

Cuspóir: Féachann an tionscadal le hanailís a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag IS ar mhargaí saothair na hEorpa agus comparáid a dhéanamh idir na himpleachtaí a bhaineann le neamhchosaint ar IS do ghrúpaí éagsúla sa mhargadh saothair. Féachann sé freisin le beart nua a fhorbairt maidir le nochtheadh ceirde do IS lena gcuirtear san áireamh an dócha go ndéanfar gairmeacha a ionadú (uathoibrithe) nó a chomhlánú le IS. Úsáidfear an beart seo chun comparáid a dhéanamh idir impleachtaí IS do réigiúin, d'earnálacha agus do Bhallstáit éagsúla. Ina theannta sin, úsáidfear é freisin chun staidéar a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag IS ar cháilíocht poist, ar phá agus ar tháirgiúlacht.

Cuirfidh an tionscadal leis an eolas atá ann cheana trí thacsanomaíocht nua a fhorbairt chun anailís a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag IS ar mhargaí saothair agus ar gheilleagair ina n-iomláine. Faoi láthair, diríonn formhór na n-anailísí ar thionchar IS ar na Stáit Aontaithe nó ar fhothacair tíortha roghnaithe agus tá taighde comparáideach AE in easnamh faoi láthair. Dá bhrí sin, féachfaidh an tionscadal leis an mbearna sin a líonadh trí tháscairí a fhorbairt chun comparáid a dhéanamh idir tionchair IS ar fud AE27. Leagfar béim ar leith ar in-atáirgtheacht agus inaistritheacht na modheolaíochta chuig réimsí leasa eile a d'fhéadfadh a bheith ann amhail glasú gairmeacha. Ós rud é gur teicneolaíocht í an intleacht shaorga atá ag fás go tapa, féachfaidh an tionscadal freisin lena áirithiú gur féidir na táscairí a atáirgeadh agus a nuashonrú go héasca nuair a scaoilfear sonraí nua. Chuirfeadh sé sin acmhainn luachmhar ar fáil do lucht déanta beartas ar an leibhéal náisiúnta agus fornáisiúnta araon.

Tá teacht chun cinn na hIntleachta Saorga ar cheann de na forbairtí is tábhachtaí le blianta beaga anuas agus tuartar sa litríocht bheartais agus acadúil atá ann faoi láthair go spreagfaidh IS athruithe móra ar an saol oibre. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach fianaise cothrom le dáta a bheith ann maidir le tionchair na dteicneolaíochtaí intleachta saorga ar mhargadh an tsaothair chun beartais a cheapadh go héifeachtach. Cuirfear an anailís san áireamh freisin i ndíospóireachtaí beartais Eorpacha agus náisiúnta lena mbainfear an leas is mó is féidir as na gnóthachain a d'fhéadfadh teacht as réabhlóid na hintleachta saorga agus lena gcuirfear teorainn ag an am céanna leis na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann d'oibrithe agus do gheilleagair.

Raon feidhme/Ceisteanna taighde:

Cad iad na réigiúin, na hearnálacha agus na Ballstáit ar mó an seans go mbeidh siad neamhchosanta ar IS?

Cad iad tionchair IS ar dheiseanna fostaíochta na bhfoghruipaí éagsúla sa mhargadh saothair? Cad iad na gairmeacha a dhéanfar a uathoibriú, agus a chomhlánófar le IS?

Cad iad na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag IS ar dhálaí oibre?

Cad iad na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag IS ar phá agus ar neamhionannas pá san Aontas?

Conas a dhéanann neamhchosaint ar IS difear d'aistrithe sa mhargadh saothair?

Cén tionchar a mheastar a bheidh ag IS ar tháirgiúlacht saothair?

Cad iad na beartais atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar thionchair IS ó thaobh neamhionannais, scileanna agus cáilíocht post de?

Ábharthacht fhoriomlán an bheartais

Ar bhonn níos leithne, is teicneolaíochtaí atá ag athrú go tapa iad IS agus go háirithe samhlacha móra teanga (LLManna) agus beidh tionchar acu ar réimsí móra de mhargaí saothair na hEorpa. Faoi láthair, tá níos mó ná 70 % d'fhostaíocht an Aontais san earnáil seirbhísí, arb í an earnáil í is dóichí a mbeidh tionchar ag teacht chun cinn LLManna uirthi. Dá bhrí sin, tá sé rithabhachtach tuiscint a fháil ar impleachtaí aonair agus struchtúracha na dteicneolaíochtaí nua sin chun geilleagar Eorpach cothrom cuimsitheach a áirithiú.

Luach breise don phobal taighde níos leithne

Cuirfidh an tionscadal modheolaíocht agus tacsanomaíocht nua inchomparáide ar fáil maidir le nochtadh don intleacht shaorga a chuirfear ar fáil don phobal beartais agus acadúil i gcoitinne. Cuirfidh sé fianaise nua ar fáil freisin maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag IS, rud a bheidh mar bhonn eolais do dhíospóireachtaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Cuirfear táscairí cainníochtúla comhiomlána maidir le nochtadh don intleacht shaorga bunaithe ar fhoincís sonraí náisiúnta agus fornáisiúnta ar fáil don phobal taighde i gcoitinne. Cuirfear sonraí ó na hanailísí cáilíochtúla agus turgnamhacha ar fáil freisin trí chás-staidéir agus trí thuarascálacha modheolaíochta.

Tá coinne leis go gcuirfidh torthaí an tionscadail leis na torthaí seo a leanas a bhfuil coinne leo:

- Tacsanomaíocht nua a fhorbairt maidir le nochtadh IS atá curtha in oiriúint do mhargadh saothair AE27 agus lenar féidir comparáidí a dhéanamh ar fud na réigiún; earnálacha agus Ballstáit;
- Anailís nuashonraithe a sholáthar ar IS maidir le gairmeacha lena n-áirítear anailís ar fhoghrúpaí éagsúla sa mhargadh saothair;
- Modheolaíochtaí atá ann cheana lena ndéantar anailís ar thionchair IS a thabhairt cothrom le dáta agus anailísí in-atairgthe agus cód foinseach a fhoilsiú;
- Anailís a sholáthar ar na tionchair a mheastar a bheidh ag IS ó thaobh neamhionannais agus táirgiúlachta de;

An tionchar a mheastar a bheidh ann:

Cruthóidh an tionscadal eolas nua ardcháilíochta a úsáidfear chun bonn eolais a chur faoi dhíospóireachtaí beartais leanúnacha ar thionchar IS ar shochaithe na hEorpa. Cothóidh sé scaipeadh eolais freisin trí mhodheolaíochtaí nua a fhorbairt, trí theicnící nua a úsáid chun staidéar a dhéanamh ar IS agus chun cód foinse oscailte a fhoilsiú.

Modheolaíocht:

Beidh an tionscadal ag brath ar chur chuige modha mheasctha lena ngiarálfar faisnéis ó thacair sonraí Eorpacha (EU-LFS, EWCS, AMECO) chomh maith le foinsí náisiúnta. Leis an dara ceann, d'fhéadfaí anailís níos míne (ar leibhéal daingean) a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an intleacht shaorga. Is é túsphointe na hanailíse eimpíricí tacsanomaíocht nua a fhorbairt le haghaidh gairmeacha ar féidir tionchar a bheith ag IS orthu trí úsáid a bhaint as (O*NET) i gcomhar le cuir chuige nua lena ndéantar idirdhealú idir poist atá i mbaol a n-uathoibrithe nó a gcomhlánaithe le IS. Leis an tomhas ar nochtadh don intleacht shaorga, comhcheanglófar cineálacha cur chuige reatha sa litríocht ina n-úsáidtear bunachar sonraí O*NET chun an comhfhreagras idir an intleacht shaorga agus scileanna daonna a thomhas le faisnéis maidir le hábhar sóisialta na ngairmeacha agus na scileanna a theastaíonn sna gairmeacha sin. Cuirfidh sé sin le tuiscint níos mionsonraithe ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag IS ar mhargadh an tsaothair. Ina theannta sin, comhlánófar an anailís le cás-staidéir ina ndíreofar ar thionchar teicneolaíochtaí intleachta saorga roghnaithe ar cháilíocht poist agus ar tháirgiúlacht. Bainfidh an tionscadal úsáid

freisin as turgnaimh ar líne chun na héifeachtaí táirgiúlachta féideartha a eascraíonn as úsáid teicneolaíochtaí intleachta saorga éagsúla a leithlisiú.

Achoimre ar an amlíne:

Trí bliana a bheidh i ré iomlán an tionscadail agus roinnfear é i dtrí phacáiste oibre. Díreoidh an chéad cheann ar an tomhas nochta a fhorbairt agus ar an gcomparáid idir grúpaí leasa éagsúla. I bhfianaise thábhacht na gné seo den tionscadal, táthar ag súil go ndéanfar an anailís a nuashonrú go rialta i rith shaolré an tionscadail.

Is éard a bheidh sa dara pacáiste oibre obair allamuigh a dhéanfar ag leibhéal na cuideachta, a thosóidh 6 mhí isteach sa tionscadal. Mar gheall ar an deacracht a bhaineann le cás-staidéir cuideachta a fháil agus an obair allamuigh a reáchtáil, táthar ag súil go mairfidh an chuid seo den tionscadal 1.5 bliain.

Ar deireadh, díreoidh an tríú pacáiste oibre ar fhianaise a bhailiú maidir le tionchair IS ar tháirgiúlacht trí chuir chuige thurgnamhacha. Meastar go gcuirfear tús leis an bpacáiste oibre seo ag deireadh na chéad bhliana agus go mairfidh sé bliain amháin san iomlán.

Bunús dlí:

Treoirhionscadal de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Airteagal PP 08 25 — 2025

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				1 000 000	500 000			1 000 000	250 000

Barúlacha:

Bunús dlí:

Gníomhartha tagartha:

Mír PP 08 25 01 — Treoirhionscadal — Faireachlann an Aontais Eorpaigh maidir le talamh talmhaíochta, rialú agus rochtain ar thalamh feirme

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				1 000 000	500 000			1 000 000	250 000

Barúlacha:

Is é cuspóir na Faireachlainne tacú le faireachán a dhéanamh ar mhargaí talún ar mhórsála, nó ar 'ghrabáil talún', san Aontas. Ba cheart é a bheith d'aidhm aige an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Aistriú feirmeacha agus talún arúla chuig grúpaí móra eacnamaíocha agus cistí infheistíochta a chainníochtú
- Dáileadh maoine san Eoraip a shaintréithriú,
- Staidéar a dhéanamh ar an rochtain atá ag feirmeoirí óga ar thalamh arúil, agus scrúdú a dhéanamh ar thionchar úinéireacht tríú páirtithe i gcóras tionachta talún gach Ballstáit

- Staidéar ar bhearta cosanta do chórais bheaga agus mheánmhéide talmhaíochta agus tionachta talún i ngach Ballstát.
- Staidéar a dhéanamh ar úsáid uirlisí amhail ‘Treoirlínte an Deichiú’ chun cabhrú le ceapadh beartas.

Bunús dlí:

Treoirthionscadal de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Mír PA 01 23 04 — Beart ullmhúcháin — Seirbhís Tacaíochta do thionscadail athchóirithe faoi stiúir na saoránach

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbheithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	2 250 000	p.m.	2 250 000	500 000	750 000	p.m.	2 250 000	500 000	2 375 000

Barúlacha:

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin mbeart ullmhúcháin.

Leis an treoirthionscadal seo, táthar ag leanúint de treoirthionscadal 01 21 02 a ceadaíodh dhá bhliain as a chéile agus a bhfuil sé mar aidhm dó bacainní airgeadais, dlíthiúla agus teicniúla ar thionscadail athchóirithe faoi stiúir na saoránach a shárú. Baineann sé le seirbhís tacaíochta shonrach a chruthú le haghaidh Phobal Fuinnimh na Saoránach (CECanna) agus Comhphobail Fuinnimh Inathnuaite (RECanna), ar gníomhaithe nua iad a chumhdaítear i reachtaíocht de chuid an Aontais agus atá in ann rannpháirtíocht na saoránach a spreagadh i ngnéithe éagsúla den aistriú éiceolaíoch, lena n-áirítear tionscadail athchóirithe. Thógfadh cruthú seirbhís den sórt sin ar thaithí na gcomharchumann a bhfuil ag éirí leo tionscadail a eagrú le chéile ar leibhéal comharsanachta. Beidh sé d’aidhm ag an tseirbhís tacaíochta tógáil pobail a neartú, cláir ar éirigh leo a mhéadú agus cláir atá cosúil leo a dhéanamh. Ba cheart don mhéid seo a leanas a bheith mar chuid den tseirbhís:

1. Ardán chun taithí agus samhlacha a chomhroinnt, d’fhonn dinimicí láidre pobail a thógáil chun saoránaigh an Aontais a spreagadh maidir le hathchóiriú comhtháite foirgneamh agus úsáid ábhar in-athnuaite (trí uirlis na bpobal fuinnimh).
2. Tacaíocht chun pleananna infheistíochta a fhorbairt mar is gné ríthábhachtach é roghanna maoinithe a aithint chun píblínte tionscadal a chruthú. (Gnéithe comhchoiteanna a lorg chun tionscadal faoi stiúir na saoránach a mhéadú. Imscrúdú a dhéanamh ar fhorbairt samhlacha lena dtacaítear le hathchóiriú i dteannta cur in úsáid in-athnuaite.)
3. Fianaise agus táscairí a sholáthar chun feasacht a mhéadú i measc na bpobal fuinnimh atá ann faoi láthair ar an luach a bhaineann le hathchóirithe fuinnimh.
4. Cúnamh teicniúil agus oiliúint a chur ar fáil do ghrúpaí saoránach agus eagraíochtaí pobail atá ann cheana féin chomh maith le húdaráis áitiúla chun pobail saoránach agus fuinnimh in-athnuaite a bhunú a rachaidh i ngleic le hathchóiriú foirgneamh, rochtain ar úinéireacht tithe agus bochtaineacht fuinnimh.
5. Faireachán a dhéanamh ar thrasuí láidir fhorálacha an Phacáiste Fuinnimh Ghlain maidir le CECanna agus RECanna, agus tacú leis an trasuí sin, ar cheart gur dheis é do na Ballstáit ról na saoránach san aistriú fuinnimh a neartú.

Is é is sprioc don bheart ullmhúcháin pobail fuinnimh in-athnuaite agus pobail fuinnimh saoránach a chóitseáil tríd an bpróiseas le haghaidh aistriú críocha a chruthú agus a chur chun feidhme.

Bheadh 2025 ar an mbliain deiridh den treoirthionscadal agus den réamhbheart rathúil sin. Chun an taithí uile a fuarthas ó na céimeanna roimhe seo den tionscadal a bhailiú, d’fhéadfadh an réamhbheart díriú ar cheachtanna a fhoghlaim, dea-chleachtais a roinnt agus taithí a scaipeadh ar iolraitheoirí chun borradh breise a chur faoi athchóirithe faoi stiúir na saoránach mar chuid de Rabharta Athchóiriúcháin an Aontais, go háirithe i gcomhthéacs chéim cur chun feidhme na Treorach athmhúnlaithe maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh.

Mír PA 01 24 03 — Réamhbheart — Comhpháirtíochtaí le haghaidh Nuálaíocht Réigiúnach

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	500 000	p.m.	500 000	1 000 000	1 250 000	p.m.	500 000	1 000 000	750 000

Mír PA 02 24 02 — Réamhbheart — Córas leabhar agus éilimh a bhunú le haghaidh SAF

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	p.m.	p.m.	p.m.	2 800 000	3 650 000	p.m.	p.m.	2 800 000	700 000

Barúlacha:

Ba cheart leanúint den Réamhbheart (PA 02 24 02) a ceapadh ar dtús agus arb é is aidhm dó córas leabhar agus éilimh a bhunú d'earnáil na heitlíochta san Aontas. Agus aird á tabhairt ar thionscnaimh éagsúla ghnó, ba cheart scrúdú maith a dhéanamh ar cé acu ba cheart nó nár cheart ailtireacht TF leabhar agus éilimh a bheith bunaithe ar réiteach cineálach, ar féidir í a leathnú chun earnálacha breise a chumhdach, agus aird chuí á tabhairt ar an idir-inoibritheacht, chun uirlis chorparáideach atá slán go himmheánach agus in am agus iontaofa a chur ar bun a bheidh ar fáil don Choimisiún agus do ghníomhaithe gnó eile agus chun ilroinnt an mhargaidh nó rómhaorlathas féideartha a sheachaint.

Ina theannta sin, ba cheart earnáil mhuirí na hEorpa a chumhdach freisin leis an Réamhbheart leanúnach maidir le córas leabhar agus éilimh chun sciar na mbreoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin i meascán breosla mhuiríompar an Aontais a mhéadú agus chun dáileadh costéifeachtach na mbreoslaí sin a éascú trí cheannach breoslaí den sórt sin a dheighilt óna seachadadh fisiceach agus óna n-úsáid fhisiciúil. Tá difríochtaí tábhachtacha idir an earnáil mhuirí agus an earnáil eitlíochta, rud nach mór a léiriú go soiléir sa Réamhbheart. Ba cheart é a dhéanamh ag na céimeanna seo a leanas:

Anailís ar an gcreat reachtach atá ann cheana, lena n-áirítear na forálacha ábhartha faoi RED, EU ETS, AFIR agus FuelEU Maritime chomh maith le haon reachtaíocht ábhartha eile in AE, in IMO agus i dtríú tíortha a bhfuil príomhmhoil bhuncaireachta dhomhanda acu agus iad siúd atá suite i gconairí loingseoireachta glaise;

- Creat fóna a fhorbairt le haghaidh sásraí leabhair agus éilimh, lena n-áirítear le haghaidh an mhéid seo a leanas:
 - Deimhniú/dintiúir inbhuanaithe breosla – chun deimhniú/saintréithe inbhuanaitheachta a aistriú gan móilíní a aistriú/a úsáid go hiarbhir;
 - Dintiúir ghlasa OPS – chun fuinneamh glas a thrádáil agus soláthar cumhachta ar tír á úsáid.
 - Dearadh ailtireacht TF an chórais leabhar agus éilimh, agus aird chuí á tabhairt ar Bhunachar Sonraí an Aontais atá ann cheana, ar an réiteach a ceapadh don eitlíocht (réamhbheart leanúnach) agus b'fhéidir ar réitigh earnála eile (lena n-áirítear leictreachas glas a bheith á sholáthar i gcalafoirt trí chóras leabhar agus éileamh ag cuideachtaí fuinnimh amach anseo), chomh maith lena idir-inoibritheacht le bunachair sonraí agus córais TF ábhartha eile.
 - uirlis chorparáideach a fhorbairt trí Bhunachar Sonraí an Aontais (UDB) chun freastal ar an gCoimisiún agus ar ghnólachtaí chun dintiúir inbhuanaitheachta breoslaí a léiriú; machnamh straitéiseach ar mháistirbhunachar sonraí breoslaí iompair a bheidh ann amach anseo, a idir-inoibritheacht le córais a úsáideann gníomhaireachtaí an Aontais agus/nó córais chomhchosúla a d'fhéadfadh a bheith ann i dtríú tíortha, lena n-áirítear i gcomhthéacs bearta

domhanda a d'fhéadfadh a bheith ann do chúrsaí muirí (IMO) agus don eitlíocht (ICAO/ECAC) araon.

Airteagal PA 02 25 — 2025

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				1 500 000	750 000			1 500 000	375 000

Mír PA 02 25 01 — Réamhbheart — Obair ullmhúcháin i ndáil le ceantanna le haghaidh allmhairí hidrigine in-athnuaite faoin mBanc Hidrigine Eorpach

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				1 500 000	750 000			1 500 000	375 000

Barúlacha:

Leis an bPlean REPowerEU, cuireadh uailmhian chun cinn 10 milliún tona de hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh laistigh den Aontas agus 10 milliún tona de hidrigin in-athnuaite a allmhairiú ó thríú tíortha. Is é an tAontas Eorpach an chéad réigiún a bhunaigh creat rialála chun tacú le héiceachóras lánfheidhme chun hidrigin in-athnuaite a fhorbairt agus a ghlacadh chun ár ngeilleagar a dhícharbónú. Áirítear leis sin rialacha soiléire lena rialaítear an margadh hidrigine san Aontas, lena rialaítear rochtain ar bhonneagar, agus lena gceadaítear allmhairí hidrigine a áireamh i dtreo spriocanna na mBallstát.

Tá hidrigin in-athnuaite níos costasaí ná hidrigin atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise. Le húsáid spriocdhírthe acmhainní poiblí, is féidir infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach a ghíaráil tríd an riosca a bhaint de tháirgeadh hidrigine in-athnuaite.

Beidh ról tábhachtach ag an mBanc Hidrigine Eorpach (EHB) chun luathchruthú margaidh hidrigine a éascú. Tá ceantanna intíre curtha ar bun ag an gCoimisiún Eorpach le haghaidh táirgeadh hidrigine in-athnuaite faoin gCiste don Nuálaíocht chun tacú le forbairt an mhargaidh, agus tá sé beartaithe aige ceant idirnáisiúnta a chur ar bun le haghaidh allmhairí freisin. Tá tábhacht ag baint le táirgeadh intíre agus le hallmhairí araon chun freastal ar an éileamh mór a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ó earnálacha tionsclaíocha amhail earnáil na cruach agus earnáil na gceimiceán.

Beidh maoiniú breise ag teastáil chuige sin. Faoi láthair, níl aon chistiú tiomnaithe ar fáil do ghné idirnáisiúnta EHB chun tacú le hallmhairí hidrigine in-athnuaite.

Ar an taobh eile, faoi roinn intíre EHB, seoladh ceant píolótach le haghaidh táirgeadh hidrigine in-athnuaite san Aontas faoin gCiste don Nuálaíocht le buiséad €800 milliún, agus táthar ag súil leis na torthaí i mí Aibreáin/mí na Bealtaine 2024. Bainfidh an Coimisiún leas as ceachtanna a foghlaimíodh ón treoirthionscadal sin agus é mar aidhm aige an dara ceant a sheoladh le haghaidh táirgeadh hidrigine in-athnuaite san Aontas roimh dheireadh na bliana.

Maoiníonn Ciste Nuálaíochta CTA AE an ceant intíre, ach ní féidir é a úsáid ach amháin laistigh de AE agus LEE, agus ní chun tacú le táirgeadh i dtríú tíortha. Dá bhrí sin, i dTeachtaireacht EHB, mhol an Coimisiún Eorpach cur chuige Fhoireann na hEorpa chun acmhainní na mBallstát a thabhairt le chéile agus chun dí-rioscú a chur ar fáil do thionscadail tríú tíortha. Ina theannta sin, féachfaidh an Coimisiún ar roghanna chun cistiú tiomnaithe a áirithiú do roinn idirnáisiúnta EHB ón gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile.

D'fhonn scéim a dhearadh le haghaidh allmhairí hidrigine in-athnuaite ó thríú tíortha isteach san Aontas, tá gá le hobair shuntasach anailíseach agus ullmhúcháin sa ghearrthéarma. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí san obair ullmhúcháin sin, i measc cúraimí eile, anailís a dhéanamh ar thimpeallacht

an mhargaidh hidrigine ar fud an domhain, na rioscaí sonracha a bhaineann le hallmhairiú hidrigine agus na dúshlán mhaoinithe ghaolmhara a shainaithint, agus na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gnéithe éagsúla deartha ceantanna a shainaithint, ag tógáil ar an taithí atá ar fáil cheana, amhail na ceantanna idirnáisiúnta a d’eagair an Fhondúireacht H2Global.

Rachaidh an obair ullmhúcháin sin chun tairbhe do gach Ballstát de chuid an Aontais ar spéis leis allmhairiú hidrigine isteach san Aontas, agus beidh sí luachmhar freisin do na Ballstáit atá ag forbairt conairí hidrigine atá nasctha le teorainneacha an Aontais. In ainneoin nach bhfuil buiséad tiomnaithe ann, tá móiminteam ann le haghaidh ceant allmhairiúcháin idirnáisiúnta. Chuir roinnt Ballstát in iúl gur spéis leo páirt a ghlacadh i gceant den sórt sin. Thairis sin, tá spéis mhór léirithe ag táirgeoirí idirnáisiúnta agus ag tríú tíortha i hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh agus í a onnmhairiú chuig an Aontas.

Bheadh buiséad 1.5 milliún ag teastáil don réamhbheart sin, agus chuirfí tús lena chur chun feidhme in 2025.

Bunús dlí:

Réamhbheart de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Mír PA 03 24 03 — Réamhbheart — An t-Éiceachóras Turasóireachta a uas-sciliú agus a athsciliú | Mol Eolais Turasóireachta agus Spás Sonraí Turasóireachta

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	500 000	p.m.	500 000	1 600 000	1 750 000	p.m.	500 000	1 600 000	900 000

Barúlacha:

Sa tuarascáil maidir le straitéis AE a bhunú don turasóireacht inbhuanaithe a ghlac Parlaimint na hEorpa i mí an Mhárta 2021, iarradh go gcuirfí spás sonraí turasóireachta AE chun feidhme, spás a luaitear freisin sna Conairí Aistrithe Turasóireachta a chuir an Coimisiún i láthair.

Faoi 2025, ba cheart 90 faoin gcéad de dhaoine nach bhfuil oideachas foirmiúil acu a bheith ina n-úsáideoirí rialta idirlín. Sa lá atá inniu ann, déanann 67.8 faoin gcéad de dhaoine a bhfuil oideachas íseal acu nó nach bhfuil aon oideachas acu an t-idirlíon a úsáid níos lú ná uair sa tseachtain. Ag an am céanna, ba cheart athoiliúint 20 faoin gcéad den lucht saothair a bheith curtha i gcrích ag Ballstáit agus cuideachtaí ar fud na hEorpa, rud a d’fhágfadh nach mbeadh athoiliúint de dhíth ach ar 32 faoin gcéad d’oibrithe. Faoi láthair, meastar go bhfuil athsciliú de chineál éigin de dhíth ar 52 faoin gcéad d’oibrithe. I gcás oibrithe i réimse leathan earnálacha, go háirithe sa turasóireacht tá athrú ó bhonn tagtha ar a bpoist le blianta beaga anuas, agus dlús curtha leis sin le linn na paidéime.

Tá sé beartaithe leis an togra nua seo leanúint den réamhbheart atá ann faoi láthair dar teideal ‘An t-Éiceachóras Turasóireachta a uas-sciliú agus a athsciliú’ (PA 03 24 03) a chuir an Tascfhórsa Turasóireachta síos le linn an chleachtaidh buiséid dheireanaigh. Baineadh roinnt torthaí amach. Tacaíonn lárionad inniúlachta an Aontais um bainistiú sonraí D3Hub le cinn scríbe turasóireachta agus lena n-éiceachóras (agus béim ar leith á leagan ar FBManna) agus aistriú glas agus digiteach sonraibhuanaithe ar bun acu chun comhar agus aistriú eolais idir geallsealbhóirí turasóireachta a mhéadú. Ba cheart na huirlisí atá ann cheana a chur san áireamh (amhail lárionad inniúlachta an Aontais um bainistiú sonraí D3Hub agus chun tacú le DMOanna, Líonra na Mol Nuálaíochta Digití

Eorpach lena mheitheal nuabhunaithe um thurasóireacht chun tacú le FBManna, agus gníomhaíochtaí faoin nglao lena mbunaítear an spás sonraí turasóireachta faoin gClár don Eoraip (Dhigiteach) chun sineirgí a áirithiú agus forluí a sheachaint. Cuirtear san áireamh sa tionscadal seo freisin an Chomhpháirtíocht Scileanna don Éiceachóras Turasóireachta.

Agus é sin á chur san áireamh, tá sé i gceist leis an réamhbheart seo:

- DMOanna, FBManna agus geallsealbhóirí turasóireachta eile a uas-sciliú agus a athsciliú maidir le sonraí a bheith á mbainistiú agus a n-úsáid acu;
- Trí DMOanna, FBManna agus geallsealbhóirí turasóireachta eile a nascadh chun líonraí agus pointí teagmhála atá ann cheana a neartú, áirithítear go mbeidh sineirgí ann.

Measann Parlaimint na hEorpa freisin gurb é an cuspóir sin an chéad chéim chun Gníomhaireacht Eorpach Turasóireachta a chur chun feidhme amach anseo.

Mír PA 04 24 01 — Réamhbheart — Nuálaíocht cheannródaíoch le haghaidh réitigh lainseála Eorpacha

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	2 500 000	p.m.	2 500 000	20 000 000	13 750 000	p.m.	2 500 000	20 000 000	7 500 000

Barúlacha:

Tá sé i gceist leis an ngníomhaíocht tacú le forbairt thapa nuálaíochtaí ceannródaíocha a d'fhéadfadh todhchaí na rochtana ar an spás a athrú ó bhonn agus feabhas a chur ar iomaíochas thionscal spáis na hEorpa. Is gné fhíor-riachtanach d'éiceachóras an spáis í an rochtain ar an spás, nach mbeadh aon bheartas spáis de chuid an Aontais ann dá uireasa, a thacaíonn le go leor tosaíochtaí polaitiúla.

Táthar ag súil go ndíreofar leis an réamhbheart ar na cuspóirí seo a leanas:

- forbairt nuálaíochtaí ceannródaíocha le haghaidh réitigh lainseála Eorpacha a chumasú, agus modh cur chun feidhme nuálach á ghlacadh ag an am céanna, trí thacú le timthriallta forbartha éagsúla na teicneolaíochta agus trí thoilteanas úsáid nithiúil a bhaint as na teicneolaíochtaí sin a léiriú ar lainseálaithe amach anseo.
- An tionscnamh ón tionscal a éascú chun teicneolaíochtaí suaiteacha a mholadh. Ba cheart don tionscal réitigh nuálacha a mholadh don chéad ghlúin eile de rochtain níos saoire, níos inbhuanaithe, níos solúbtha agus níos athléimní ar an spás. Ba cheart dóibh é sin a dhéanamh trí dhíriú ar nuálaíochtaí uaillmhianacha nach bhfuil ar fáil go fóill, agus dul níos faide ná an úrscothacht sna píblínte idirnáisiúnta le haghaidh rochtain ar an spás.

Ba cheart an réamhbheart a chur chun feidhme trí chur chuige forásach le haghaidh glaonna iomaíocha, ag tosú le céim an chruthúnais coincheapa ar cuireadh tús léi in 2024 agus a lean ar aghaidh le céim forbartha sa tréimhse 2025–2027.

Sa chéad chéim sin, sheol an Coimisiún comórtas chun duaiseanna a bhronnadh ar suas le cúig cinn de na nuálaíochtaí is suaití agus is ceannródaíche. Mar obair leantach ar an méid sin, d'fhéadfaí réamhbheart ina dhiaidh sin a bhreithniú in 2025, chun na trí nuálaíocht is fearr a sainaithníodh sa chéim roimhe sin a roghnú, agus chun deontais a shannadh dá bhforbairt tosaigh teicneolaíochta. Leis sin, réiteofar an bealach do chomhpháirt thiomnaithe a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo le haghaidh rochtain ar an spás mar chuid den chlár Spáis a bheidh ann amach anseo sa chéad CAI eile, lena bhféadfaí tacú leis an bhforbairt deiridh agus leis an gcáilíocht deiridh.

Faoi láthair, níl aon chlár tiomnaithe AE ann cheana ná ar na bacáin chun rochtain a fháil ar an spás. Cuirtear rochtain áirithe ar ghníomhaíochtaí spáis lena dtacaítear le Taighde & Nuálaíocht

(T&N) chun feidhme tríd an gClár T&N Eorpach de chuid Fís Eorpach. Mar sin féin, ní thacaíonn na gníomhaíochtaí sin leis an timthriall forbartha teicneolaíochta ina iomláine le haghaidh rochtain ar an spás.

Bheadh breisluach ag baint le roinnt teicneolaíochtaí a chur in iomaíocht lena chéile toisc go mbeadh sé ag gabháil le forbairt agus aibiú na dteicneolaíochtaí is suaití ar fad feadh an timthrialla forbartha suas go dtí seachadadh na samhla eitle. Ní féidir é sin a dhéanamh tríd an gClár Fís Eorpach / na Cláir Spáis atá ann faoi láthair. Ar deireadh, réiteodh sé sin an bealach do rochtain thiomnaithe a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ar chlár spáis nó do chomhpháirt thiomnaithe faoi chreat Chlár Spáis AE a bheidh ann amach anseo, lena n-aithneofaí rochtain ar an spás mar phríomhthosaíocht AE, rud a rachadh chun tairbhe d'úsáideoirí institiúideacha agus tráchtála an Aontais araon.

Mír PA 04 24 02 — Réamhbheart — Críochfoirt nuálacha úsáideoirí le haghaidh na seirbhíse cumarsáide satailíte sláine Eorpaí

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	500 000	p.m.	500 000	20 000 000	13 750 000	p.m.	500 000	20 000 000	5 500 000

Barúlacha:

Tá sé beartaithe leis an mbeart sin go mbeifear in ann na seirbhísí um nascacht shlán sa spás arna soláthar ag IRIS² agus GOVSATCOM a ghlacadh go tráthúil, agus an bhearna i gcumas tionsclaíoch an Aontais a líonadh chun teirminéil úsáideoirí satailíte ardfheidhmíochta, saor agus slán a fhorbairt.

Tá bearta á gcur chun feidhme ag AE faoi láthair chun nascacht shlán a sholáthar do rialtais agus do shaoránaigh trí shatailít, trí chlár an Aontais um nascacht shlán (IRIS²) agus trí chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais. Beidh na seirbhísí sin bunaithe ar ghlúin nua de shatailítí úrscothacha, ag baint úsáide as fithisí, minicíochtaí agus tréithe comharthaíochta nár bhain gníomhaithe tionscail na hEorpa úsáid astu go fóill. Dá bhrí sin, tá úsáid éifeachtach seirbhísí den sórt sin ag brath ar theirminéil úsáideoirí agus glacadóirí atá comhoiriúnach leis na saintréithe sin a bheith ar fáil go pras. Tá tábhacht ar leith ag baint le teirminéil agus glacadóirí den sórt sin le haghaidh na seirbhíse SatCom atá ag teacht chun cinn, agus cumais talún agus SatCom á gcur le chéile go rianúil, mar shampla san earnáil mótarfheithiclí.

Dá bhrí sin, is é is cuspóir don réamhbheart seo an staid a chur ar fáil do thionscal iomaíoch chun teirminéil a fhorbairt ar féidir iad a thráchtáil le hiarracht bhreise íosta, lena gcumasófar táirgeadh agus dul i bhfód sa mhargadh agus caighdeán oscailte a úsáid.

Go háirithe, tacóidh an beart le cuideachtaí aibíocht a bhaint amach agus plean gnó láidir a bheith acu chun teirminéil úsáideoirí satailíte ardfheidhmíochta, saora agus slána a chur ar fáil. Bheadh na teirminéil sin in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- córais iomadúla agus fithisí a chomhtháthú, lena n-áirítear satailítí neamh-gheochobhsaí in LEO agus b'fhéidir MEO;
- ise na minicíochtaí IRIS² (lena n-áirítear Ka-gov);
- a oireann do sheirbhísí tráchtála agus rialtais araon arna soláthar ag IRIS²;
- líonraí talún, caighdeán 5G agus feidhmchláir IoT, b'fhéidir, a chomhtháthú;
- foráil a dhéanam do réitigh ó cheann go ceann
- glacadh le gnéithe slán IRIS² go léir.

Má éiríonn leis sa chéad bhliain, ba cheart an réamhbheart a chur chun feidhme trí chur chuige incriminteach le haghaidh glaonna iomaíocha i dtrí chéim:

- 2024: EUR 5M ar chéim an chruthúnais choincheapa agus ar chéim forbartha cásanna gnó;
- 2025: EUR 20M ar fhorbairt teicneolaíochta do chéim na fréamhshamhla & na cáilíochta;
- 2026: EUR 20M ar thionsclaíocht agus fréamhshamhaltú tráchtála.

Is iad tionscal iartheachtach AE tairbhíthe na gníomhaíochta, lena n-áirítear gníomhaithe spáis nua amhail FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta.

Mír PA 04 25 01 — Réamhbheart — Cibear-athléimneacht fheabhsaithe gníomhaíochtaí spáis

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				1 000 000	500 000			1 000 000	250 000

Barúlacha:

Soláthraíonn córais agus seirbhísí spáis san Aontas seirbhísí bunriachtanacha le haghaidh feidhmeanna sochaíocha agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha. Sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, tá athléimneacht na gcóras agus na mbonneagar spáis ag éirí rithábachtach, mar a sainithníodh i Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint. Áirítear i réimse an spáis na heilimintí uile atá ábhartha d'fheidhmiú na gcóras spáis agus do sheachadadh seirbhísí spásbhunaithe, lena n-áirítear an timpeallacht fhisiciúil spáis, fithisí éagsúla agus spásárthaí éagsúla, a mbonneagar talún agus lainseála, naisc radaimhinicíochta, teirminéil úsáideoirí, faisnéis a bhaineann leis na sócmhainní spáis sin agus a sheachadtar uathu, an chibearthimpeallacht ghaolmhar agus an bhunearnáil thionsclaíoch spáis. Dá bhrí sin, ní mór dóibh éirí níos athléimní agus níos cosanta i gcónaí.

Soláthraíonn FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta i réimse an spáis teicneolaíochtaí, seirbhísí agus acmhainneachtaí nua, lena n-áirítear níos mó agus níos mó acu chun tacú le misin a bhaineann leis an tslándáil. Chun a n-iontaofacht a áirithiú, ní mór do na cuideachtaí sin leibhéal iomchuí cosanta agus cibear-athléimneachta a bhunú. Ar an gcúis sin, b'iomchuí obair ullmhúcháin a sheoladh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais slándála ar leith agus roinnt beart tacaíochta a mholadh do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta trí chuid dá gcostais chomhlíonta ábhartha a fhritháireamh agus, ar an gcaoi sin, forbairt réiteach Eorpach a éascú. Ba cheart comhordú agus comhar níos fearr idir gníomhaithe spáis poiblí agus príobháideacha a áireamh ar bhearta athléimneachta d'earnáil an spáis, lena n-áirítear malartú faisnéise faoi bhagairtí agus teagmhais. D'fhéadfaí a bheartú freisin go bhforbrófaí agus go nglacfaí caighdeáin slándála ábhartha agus creat chun dea-chleachtais a mhalartú i measc gníomhaithe tráchtála agus rialtais maidir le bearta athléimneachta.

Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh na gníomhaíochtaí seo a leanas a bheith i gceist leis an réamhbheart:

- Réitigh agus seirbhísí nuálacha atá ann cheana a mhapáil (lena n-áirítear costais agus infhaighteacht) a chuirfeadh ar chumas FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta a leibhéal cibear-athléimneachta a mhéadú;
- Réitigh agus seirbhísí nuálacha nua féideartha a shainaithint a chuirfeadh ar chumas FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta a leibhéal cibear-athléimneachta a mhéadú;
- Teicneolaíochtaí agus saoráidí a shainaithint ar ghá iad a fhorbairt san Aontas (e.g.: saoráidí tástála, leathchúplaí digiteacha, etc); agus treochláir ghaolmhara;

- Bearta tacaíochta féideartha a shainaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta lena gcuirfí ar chumas FBManna agus gnóilachtaí nuathionscanta cuid de na costais a bhaineann le feabhsú a leibhéil athléimneachta a fhritháireamh.

Bunús dlí:

Réamhbheart de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Mír PA 07 25 01 — Réamhbheart — Réimse iontaofa meán sóisialta a thógáil: cur i gcoinne na bréagaisnéise ar na meáin shóisialta d'Eorpaigh óga

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				6 000 000	3 000 000			6 000 000	1 500 000

Barúlacha:

Cruthóidh an Réamhbheart réimse poiblí fíor-shóisialta ar na meáin go sonrach do ghlúnta óga na hEorpa, trí léiriú a thabhairt ar an muintearas a léirítear i gcultúr coiteann, i stíl mhaireachtála chomhchosúil, agus i luachanna comhroinnte ar bhealach atá oiriúnach do spriocghrúpa. Baintear an bonn den fhéiniúlacht Eorpach sin mar gheall ar dhéine leanúnach na bréagaisnéise arb é is aidhm di deighilt a chruthú i measc Eorpaigh óga. Díríonn an réamhbheart seo ar ardáin na meán sóisialta, ar timpeallacht í ina bhfuil an bhréagaisnéis thar a bheith forleathan, ach arb ionann í agus formhór mór aiste bia na nglún óg sna meáin.

Tacaíocht do spásanna meán sóisialta lena dtugtar aghaidh go sonrach ar Eorpaigh óga – agus, níos tábhachtaí fós, lena ndéantar teagmháil iarbhrí – le hinsintí tarraingteacha cuiditheacha a bhaineann leis an tionscadal Eorpach chun cur i gcoinne feachtais bhréagaisnéise scoilteacha, tá an tacaíocht sin teoranta i gcónaí, in ainneoin a thábhachtaí atá sí do thodhchaí dhaonlathas agus shainaithe na hEorpa. Le linn na dtoghchán Eorpach deireanach, mar shampla, thug scaipeadh forleathan na bréagaisnéise dúshlán na faisnéise a fuair daoine óga ar ardáin na meán sóisialta. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, tá gá le cur chuige atá dírithe ar an lucht féachana, atá an-nasctha agus rannpháirteach leis an spriocphobal lena dtugtar aghaidh go díreach ar insintí meabhlacha agus míthreoracha agus lena gcothaítear athléimneacht shochaíoch lucht féachana óg i gcoinne foinsí faisnéise bréagacha sa mheántearma agus san fhadtearma trí litearthacht sna meáin. Uirlisí éifeachtúla chun athléimneacht a chothú ina leith sin is ea modhanna réamhbhréagnaithe, rud a chuidíonn leis an spriocphobal insintí míthreoracha a aithint agus claontacht a thuiscint. Is féidir le hábhar saincheaptha ísealtairisí tacú le hEorpaigh óga foinsí inchreidte a shainaithe agus faisnéis mhíthreorach nó chalaoiseach a sheachaint. Gné eile is ea scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann le IS agus fothaí algartam, lena n-áirítear a dtionchar ar idirghníomhaíochtaí digiteacha agus ar mheabhairshláinte ar an spriocphobal a léirítear leis na treochtaí reatha. D'fhéadfaí dul i ngleic le hiarrachtaí chun an díospóireacht phoiblí a chúbláil trí insintí bréagaisnéise agus ionramháil faisnéise trí thionscnaimh litearthachta meán agus faisnéise e.g. le scoileanna nó ollscoileanna.

Caitheann daoine óga sciar díréireach dá gcuid ama sna meáin ar na meáin shóisialta a bhfuil a gcuid fothaí á gcumhachtú le halgartaim agus le samhlacha intleachta saorga a dhíríonn go hiomlán ar loighic tráchtála. Tá iarmhairtí aige sin d'ábhar cúrsaí reatha, a bhfuil am níos deacra ag baint leis chun aon rochtain orgánach a bhaint amach. Chun tionchar a chruthú, ní mór ábhar den sórt sin a chur in oiriúint go cliste don chineál nua airdgheilleagair sin chun rannchuidiú, ar bhealach atá

sláintiúil ó thaobh na teicneolaíochta de, le líonraí agus ardáin ina mbailíonn Eorpaigh óga le chéile agus ina mbíonn siad rannpháirteach.

Thairis sin, athraíonn úsáid na meán sóisialta ó idirghníomhaíocht shóisialta i ngrúpaí agus i bpobail mhóra go tomhaltas fise amháin. Is é is aidhm don Réamhbheart formáidí ábhair ábhartha agus insintí a mhéadú le haghaidh ardáin éagsúla meán sóisialta a spreagann idirghníomhaíocht shóisialta i measc Eorpaigh óga chun comhcheangal agus malartú trasteorann a chothú. Chomh maith le hábhar neamhdhleathach agus díobhálacha sochaíocha ar líne a chomhrac, tá sé ríthábhachtach cur ina choinne ag an am céanna le hinsintí inchreidte iontaofa faoin Aontas agus faoin Eoraip, áit a spreagann muintir na hEorpa an ‘tráchtairacht’ féin.

Cuirfear na tráchtairachtaí sin ar fáil i dteangacha uile an Aontais nó sa mhéid acu is féidir chun rochtain chuimsitheach a bhaint amach ar fud Bhallstáí an Aontais. Meastar gur buntáiste iad teangacha breise nach teangacha de chuid an Aontais iad a labhraítear go forleathan ar chríoch na mBallstát.

Chun Eorpaigh óga a mhealladh chuig smaointe agus luachanna Eorpacha, agus chun saoránaigh Eorpacha a chumhachtú go firinneach trí ardáin dhigiteacha, tacóidh an réamhbheart le spásanna coimeáda ar líne ar na meáin shóisialta chun insintí a chruthú, a bhailiú agus a oiriúnú a dhéileáilann go cruthaitheach le hábhair a bhfuil spéis chruthaithe ag Eorpaigh óga iontu, agus a chuirfidh i gcomhthéacs iad chun go mbeidh siad tarraingteach agus tarraingteach don spriocghrúpa. De réir roinnt staidéar ilnáisiúnta a rinneadh le déanaí, tagann na hábhair inní a chuir Eorpaigh óga in iúl le chéile ar roinnt téamaí coiteanna. Mar shampla, tá tionchar ag taithí an bhoilscithe agus ag an aisiompú ar rátaí úis ón dara leath de 2021 ar an mbraisle a bhaineann le saincheisteanna amhail an ghéarchéim maidir le costas maireachtála, poist agus slándáil shóisialta. Ar an gcaoi chéanna, is cinnte gur méadú an dúil mhór a bhí ag daoine óga sa tsíocháin agus san fholláine mheabhrach mar gheall ar dhianghlasáil fhada COVID-19 agus an achran sibhialta gaolmhar, agus ar deireadh mar gheall ar chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine chomh maith le coinbhleachtaí idirnáisiúnta eile a tharla le déanaí.

B'fhéidir gurb é an mian le cobhsaíocht agus slándáil mhórdhíola ar fud gach réimse den saol an spreagadh is tábhachtaí ar fud an domhain: Ó shláinte fhisiciúil agus mheabhrach go caidreamh idirnáisiúnta, agus ó dhálaí maireachtála go dtí an margadh saothair. Ar an dara leibhéal, tagann saincheisteanna chun cinn amhail an ghéarchéim aeráide, díghrádú an chomhshaoil, chomh maith le héagothroime shóisialta agus eacnamaíoch, eisiamh, idirdhealú, agus réimse poiblí atá ag éirí níos deighilte. Braitheann daoine óga níos mó agus níos mó mar gheall ar an ngéarchéim il-ghéarchéime atá ann faoi láthair.

Cruthaítear an ceangal breise Eorpach trí eispéiris agus dearchtaí réigiúnacha maidir le hábhair lena mbaineann tábhacht uile-Eorpach a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile. Is é an aidhm atá ann aghaidh a thabhairt ar ábhair ábhartha ar leibhéal an Aontais agus ag an am céanna fóram a thabhairt do pheirspictíochtaí áitiúla, rud a fhágfaidh go mothóidh úsáideoirí go bhfuil baint láidir ag an ábhar leosan. Leis an réamhbheart, tabharfar aird ar leith ar aghaidh a thabhairt ar phobail neamh-chomhsmopolitacha agus ar Eorpaigh óga nach mbíonn mórán deiseanna acu ina máthairtheanga.

Déanfaidh an tionscnamh uailmhianach uile-Eorpach ilteangach seo díospóireachtaí a spreagadh as líne agus ar líne a bhíonn oscailte, fíor, domhan agus cuiditheach i measc Eorpaigh óga faoin saol mar atá faoi láthair agus faoin saol a bheidh ann amach anseo san Eoraip. Trí úsáid a bhaint as formáidí nuálacha ar ardáin dhigiteacha, agus é mar sprioc dheiridh leis sin feachtas níos fearr a chruthú faoi fhíseanna agus réaltachtaí Eorpacha agus rannpháirtíocht níos mó na nEorpach i leith luachanna agus smaointe Eorpacha, le linn an bhirt agus ina dhiaidh, rannchuidítear le sochaí shibhialta níos gníomhaí a bheith ann.

Bunús dlí:

Réamhbheart de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Mír PA 07 25 02 — Réamhbheart — Tairseach Eorpach Nuachta Teilifíse agus Físeáin na Saoránach le haghaidh Sruthú, Cuardach agus Aistriú clár faisnéise polaitiúil arna léiriú nó arna gcráladh ag meáin chreidiúnaithe phoiblí agus phríobháideacha i mBallstáit

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				5 500 000	2 750 000			5 500 000	1 375 000

Barúlacha:

Tar éis na dtorthaí a bhfuiltear ag súil leo ón gcéad timthriall, ba cheart an chéad chéim eile a thiomnú d'fhorbairt agus d'imscaradh an chéad taispeántóra. Bunaithe ar chuspóirí sainithe an treoirthionscadail, ba cheart a áireamh leis sin uirlisí na hIntleachta Saorga mar bhunteicneolaíocht a théann níos faide ná inneachar a aistriú agus a fhotheidealú amháin. Ba cheart don chéad léiritheoir iniúchadh a dhéanamh cheana féin ar an bhféidearthacht IS a úsáid chun ábhar a choimeád, e.g. trí leantóirí agus mionsamhlacha d'ábhar atá ar fáil a ghiniúint i gcás inar féidir. Ba cheart forbairtí teicneolaíochta, lena n-áirítear IS giniúnach, a bheith ina bpríomhghné de chóras innill cuardaigh agus molta na Tairisí, i measc nithe eile. Ós rud é go bhféadfaí é sin a bhaint amach ar go leor bealaí, ba cheart don chéad léiritheoir na bealaí féideartha sin a iniúchadh agus a chur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas na príomhghnéithe: feidhm chuardaigh neamh-idirdhealaitheach, forbairt algartam a chuireann luach poiblí i gcróilár, agus ardleibhéal trédhearcachta i gcórais aistriúcháin, rud atá riachtanach chun muinín as ábhar a áirithiú. Ní hamháin gurb é an luas ag a bhfuil forbairtí ag tarlú sa réimse seo - ach freisin nach bhfuil aon algartaim ann atá neamh-idirdhealaitheach agus i gcomhréir le luachanna Eorpacha - is gá iad sin a fhorbairt go neamhspleách.

Bunús dlí:

Réamhbheart de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Mír PA 07 25 03 — Réamhbheart — Mol Oidhreacht Eorpach chun tacú le beart leantach iomlánaíoch agus cost-éifeachtach ar Bhliain Eorpach na hOidhreacht Cultúrtha

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				2 000 000	1 000 000			2 000 000	500 000

Barúlacha:

Is é an chéad tionscadal dá leithéid é, arb é is aidhm dó ardán struchtúrtha marthanach abhcóideachta agus eolais a chur ar bun lena gcothófar sineirgí idir páirtithe leasmhara na hoidhreacht cultúrtha (lena n-áirítear cathracha agus réigiúin) agus cláir ó dhisciplíní éagsúla agus

ó leibhéil éagsúla rialachais san Aontas agus níos faide i gcéin. Sa tríú bliain - an chéad bhliain mar réamhbheart - bhainfeadh an tionscadal leas as na torthaí a baineadh amach le linn chéim an treoirhionscadail agus chuirfeadh sé leo go dtí 1) níos mó páirtithe leasmhara a áireamh i ngníomhaíochtaí an Mhoil, trína thorthaí a neartú agus a chothú 2) idirphlé struchtúrtha le hinstiúidí uile an Aontais a neartú tuilleadh, go háirithe an Coimisiún Eorpach nua agus Parlaimint na hEorpa nua agus 2) a chumhdach geografach leathan a chomhdhlúthú, agus béim ar leith á leagan ar réigiúin agus ar chathracha i dtíortha a bhfuil peirspictíocht shoiléir acu maidir le lánpháirtiú an Aontais (e.g. an Úcráin agus an Mholdóiv, Cugas agus na Balcáin Thiar).

Bunús dlí:

Réamhbheart de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Mír PA 07 25 04 — Réamhbheart — An tAontas Eorpach — mol shaoirse na meán

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				3 000 000	1 500 000			3 000 000	750 000

Barúlacha:

Le cogadh gan chúis gan údar na Rúise san Úcráin, mar aon le cogadh faisnéise d'aighe agus do chroíthe, lena n-áirítear san Úcráin, i dtíortha eile is iarrthóirí, san Aontas, agus sa Rúis agus sa Bhealarúis, agus mar aon le deireadh a chur leis na meáin neamhspleácha laistigh den Rúis agus den Bhealarúis, cuirtear freagracht ar an Aontas Eorpach ceannaireacht a ghlacadh chun iolrachas agus neamhspleáchas na meán a chosaint sa chomhthéacs réigiúnach i gcoitinne.

Agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh ar cheann de luachanna bunúsacha an Aontais Eorpaigh, tá an tAontas anois ina mhol mór dóibh siúd sa Rúis agus sa Bhealarúis atá ag iarraidh an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an daonlathas a bhaint amach. Cuireann an réamhbheart seo leis an treoirhionscadal den ainm céanna agus, tríd an mbearna i gclár mhaoiniúcháin an Aontais atá ann cheana a dhúnadh, tá sé d'aidhm aige tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do na meáin neamhspleácha ar deoraíocht fad is gá chun go mbeidh an daonlathas i réim. Freagraíonn an réamhbheart na hiarrataí iomadúla ón gComhairle, ón gCoimisiún agus ó Pharlaimint na hEorpa tacú leis na meáin neamhspleácha.

D'ainneoin dúshláin sheachtracha agus inmheánacha i réimse shaoirse an phreasa, is é an tAontas Eorpach an áit is sábháilte ar domhan do na meáin agus d'iriseoirí chun a gcuid oibre a dhéanamh. Tá iriseoirí neamhspleácha agus seomraí nuachta eagarthóireachta iomlána ón Rúis agus ón mBealarúis tar éis teitheadh cheana féin nó tá siad athlonnaithe i dtíortha an Aontais Eorpaigh. Tá siad ag leanúint dá gcuid oibre sa chomhrac ar son an daonlathais ina dtíortha dúchais, ach ó limistéar sábháilte laistigh den Aontas, áit nach bhfuil siad i mbaol cos ar bolg brúidiúil, bearta díolta, agus príosúnachta atá ar tí tarlú mar gheall ar an bhfírinne a insint. Tá greim na cumhachta sa Rúis agus sa Bhealarúis tar éis éirí níos láidre le dhá bhliain chogaidh anuas. Tá an scéal ag dul in olcas, agus tá an spás faisnéise ag laghdú. Cuireadh go leor iriseoirí, an tsochaí shibhialta agus ceannairí an fhreasúra ina dtost, cuid acu go deo. Ag an am céanna, tá tacaíocht de dhíth freisin ar mheáin na hÚcráine agus ar a bhfoirne atá tagtha chun an Aontais Eorpaigh mar aon le líon méadaitheach na ndéanaithe ón Úcráin.

Tá easpa acmhainní ag eagraíochtaí meán anois díreach chun leanúint dá ngníomhaíochtaí, tá dúshlán rompu a bhaineann le samhlacha gnó inmharthana a bhunú i bhfianaise dúnadh agus srianta méadaitheacha i spás faisnéise agus fisiceach na Rúise-na Bealarúise, chomh maith le meath ginearálta ar chumhacht ceannaigh daoine mar thoradh ar an gcogadh. Murab ionann agus réitigh éigeandála, i gcás ina bhfuil ról mór ag comhpháirtithe atá ar aon intinn leo i réiteach géarfhadhbanna airgeadais agus acmhainní a bhaineann le meáin a bheidh a athlonnú san Aontas i gceann cúpla mí, is é is aidhm don gníomh sealadach seo sásra tacaíochta intuatha a chur ar fáil lena gcuirfear tacaíocht lárnach, deiseanna nuálaíochta agus forbartha ar fáil san fhadtéarma. Cuirfidh sé feabhas ar an tacaíocht a chuirtear ar fáil leis an treoirthionscadal agus cuirfidh sé leis an tacaíocht sin.

Is é is aidhm don réamhbheart caomhnú thimpeallacht iolraíoch meán na dtíortha atá buailte a chur chun cinn, fiú agus iriseoirí agus na meáin ag obair ón deoraíocht. Is é an aidhm fhadtéarmach níos leithne ná áit shábháilte a dhéanamh den Eoraip trí chabhrú le pobail na Rúise agus na Bealarúise ina mianta daonlathacha, áit a bhfuil ról fíor-riachtanach ag na meáin neamhspleácha.

Is é is aidhm don réamhbheart cur leis na riachtanais bheachta tacaíochta a sainaitníodh sa treoirthionscadal agus ina dhiaidh sin tacaíocht iomchuí a chur ar fáil do na meáin neamhspleácha agus d'iriseoirí neamhspleácha ón Úcráin, ón Rúis agus ón mBealarúis a d'athlonnaigh agus atá ag obair ó na Ballstáit ar na bealaí seo a leanas:

- Measúnú agus athmheastóireacht leanúnach a dhéanamh ar riachtanais agus ar dhúshlán na seomraí nuachta neamhspleácha agus ar dhúshlán na n-iriseoirí gairmiúla a d'athlonnaigh a gcuid oibríochtaí; Éiríonn sé sin rithábachtach go háirithe i bhfianaise na staid slándála atá ag dul in olcas ina dtíortha baile faoi seach, rud a thugann isteach sraith bhreise castachta, lena n-áirítear an riachtanas iad féin, a bhfoinsí agus a lucht féachana a choinneáil slán;
- Líonraí tacaíochta a bhunú, a chumhachtú agus a leathnú ar fud roinnt Ballstát chun cúnamh saincheaptha a chur ar fáil do na seomraí nuachta agus d'iriseoirí ar deoraíocht. Ar an iomlán, tá sé d'aidhm ag an tacaíocht dálaí a chothú do na meáin ar deoraíocht chun a gcuid oibre a choinneáil ar bun. Áirítear leis sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, cabhrú le samhlacha gnó inmharthana a thaiscéaladh agus a thabhairt isteach, réitigh nuálacha theicniúla agus i bhformáid ábhair a thabhairt isteach chun dul i bhfeidhm ar lucht féachana (lena n-áirítear iad siúd a bhféadfadh rochtain teoranta ar an idirlíon agus ar acmhainní eile a bheith acu), chomh maith le sineirgí a lorg agus comhroinnt dea-chleachtas a chur chun cinn, líonrú a chur chun cinn (go háirithe i measc na meán ar deoraíocht), agus neamhspleáchas na meán á áirithiú agus iolrachas á chothú ag an am céanna.

Bunús dlí:

Réamhbheart de réir bhrí Airteagal 58(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Mír PA 09 24 01 — Reamhbheart — Ionad Breathnóireachta Bithéagsúlachta an Aontais

Dréachtbhuiséad 2025		Seasamh na Comhairle 2025		Seasamh PE 2025		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2025		Idir-réiteach 2025	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	500 000	p.m.	500 000	2 000 000	1 500 000	p.m.	500 000	2 000 000	1 000 000